

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN TEASTAS SÓISEARACH

FILÍOCHT DUALGAIS LAIDINE

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

AN TEASTAS SÓISEARACH

AIDHMEANNA AGUS PRIONSABAIL

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aeistéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, mar aon le forás spioradálta agus sóisialta le haghaidh a s(h)aoil phearsanta, sa teaghlach agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála i measc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.
2. Is é aidhm chlár an Teastais Shóisearaigh:
 - an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an duine óg leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
 - raon agus cáilíocht eispéireas oideachais an duine óig, ó thaobh eolais, tuisceana, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
 - iontaoibh an duine óig as féin, mar aon le hiontaoibh shóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
 - an duine óg a ullmhú le haghaidh riachtanas clár breise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh den oideachas lánaimseartha;
 - cur le forbairt mhorálta agus spioradálta an duine óig agus caoinfhulaingt agus meas ar luachanna agus ar chreidimh daoine eile a fhorbairt;
 - an duine óg a ullmhú le haghaidh fhreagrachtaí na saoránachta sa chomhthéacs náisiúnta agus i gcomhthéacs Chomhphobal na hEorpa i gcoitinne.
3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh:
 - leithead agus cothromaíocht: ba cheart go mbeadh réimse leathan eispéireas oideachasúil ag gach duine óg le linn na céime deireanaí den scolaíocht éigeantach. Ní mór aird faoi leith a thabhairt do threisiú agus d'fhorbairt scileanna litearthachta, uimhearthachta, agus labharthachta. Ba chóir béim ar leith a leagan ar an oideachas sóisialta agus comhshaoil, ar eolaíocht agus ar theicneolaíocht agus ar theangacha nua-aimseartha.
 - ábharthacht: ba cheart aghaidh a thabhairt sa soláthar curaclaim ar ghar-riachtanais agus ar riachtanais ionchasacha an duine óig, i gcomhthéacs na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta.
 - ardcháilíocht: ba cheart gach duine óg a spreagadh chun na caighdeáin feabhais is airde agus is féidir a bhaint amach, le haird chuí ar inniúlachtaí éagsúla agus ar chumais agus ar chomparáidí idirnáisiúnta.

4. Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa gcomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

BROLLACH

Tháinig clár an Teastais Shóisearaigh i bhfeidhm den chéad uair i mí Mheán Fómhair 1989, agus reáchtáladh na scrúduithe maidir leis den chéad uair in 1992. Nuair a bhí athchóiriú á dhéanamh ar an gcuraclam cuireadh clár céimnithe athbreithnithe siollabais i bhfeidhm mar aon le cúrsaí inseirbhíse agus treoirlínte teagaisc mar chlár tacaíochta do mhúinteoirí.

Bhí deich n-ábhar i gceist sa chéad chéim den athbhreithniú ar shiollabais. Sé ábhar a bhí faoi chaibidil sa dara céim. Bhí na hábhair chlasaiceacha sa tríú céim arb í an chéim dheireanach í.

Cheap an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta coistí na gcúrsaí agus ba iad sin a leag amach na siollabais. Bhí coistí na gcúrsa sin freagrach chomh maith as na Treoirlínte a dhréachtú mar áiseanna do mhúinteoirí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na siollabais.

Níl na Treoirlínte seo saintreorach. Tá cead ag gach múinteoir an mhodheolaíocht teagaisc is fearr leis nó léi a úsáid chun cuspóirí sonrathaithe agus torthaí inmhianaithe gach siollabais díobh a bhaint amach. Tugtar roinnt moltaí sna treoirlínte seo a d'fhéadfadh cúnaimh breise a thabhairt do mhúinteoirí. Tugtar aird ar leith ar réimsí eolais, tuisceana, scileanna agus ar choincheapa agus ar dhearthaí a leagtar béim níos mó orthu sa siollabais nua ná sa seancheann.

Níl sna Treoirlínte ach gné amháin de chlár iomlán tacaíochta do mhúinteoirí. Táthar ag súil, mar shampla, go ndíreofar le linn cúrsaí inseirbhíse ar go leor saincheisteanna a tarraingíodh anuas sna Treoirlínte.

Tá roinnt gnéithe ginearálta ar cheart go mbeadh siad ina ndlúthchuid de theagasc agus d'fhoghlaim faoin siollabais nua.

- Ba cheart do mhúinteoirí cuimhneamh ar aidhmeanna foriomlána chlár an Teastais Shóisearaigh agus gach ceann de na siollabais á mhúineadh (féach laistigh den chlúdach tosaigh). Is iomaí deis atá ann naisc a chruthú le curaclaim eile agus ba cheart iad sin a thapú.
- Ba chóir go leagfadh múinteoirí béim ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a bhaineann le Ballraíocht na hÉireann sa Chomhphobal Eorpach agus ar na deiseanna agus na dúshláin a chruthaíonn an bhallaíocht sin i gcomhthéacs na saoránachta níos leithne.
- Má thagann saincheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol chun cinn, ba cheart iad a phlé ar bhealach cothrom ó thaobh an gá atá ann an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus an riachtanas dlisteanach atá ann an fhorbairt eacnamaíoch agus an ghníomhaíocht thionsclaíoch a chur chun cinn.

CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach		
1.	Réamhrá	6
2.	Phaedrus	9
3.	Catullus	11
4.	Óivid	23
5.	Veirgil	46
6.	Aguisíní	62
Aguisín 1	(a) – Aistriúcháin Roghnaithe	62
	(b) – Litríocht Ghaolmhar	65
Aguisín 2	– Meadaracht agus Scanadh	67
Aguisín 3	– Ábhair Chlosamhairc	70
Leabharliosta		71

RÉAMHRÁ

Tá an rogha filíochta dualgais don Teastas Sóisearach á chur in áit na sleachta le hÓivid a ndéantaí scrúdú orthu ar leibhéal na Meánteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh.

Is iad na húdair dhualgais ná Phaedrus, Catullus, Óivid agus Veirgil. Roghnófar sleachta dualgais ar bhonn timthriallach agus cuirfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta na sleachta atá leagtha amach do gach bliain in iúl do na múinteoirí. Beidh ar dhaltaí atá ag tabhairt faoin gcúrsa Gnáthleibhéil staidéar a dhéanamh ar thart faoi 120 líne filíochta Laidine agus beidh orthu siúd atá ag tabhairt faoin gcúrsa Ardleibhéil staidéar a dhéanamh ar thart faoi 200 líne. Beidh an 120 líne ar an gCúrsa Gnáthleibhéil san áireamh freisin i measc an 200 líne ar an gCúrsa Ardleibhéil. Tugtar liosta de na sleachta dualgais i dTábla 1 as a roghnófar an litríocht dualgais don timthriall trí bliana. Níl sna sleachta dualgais ach 18 líne ar a mhéad. Ní mór staidéar a dhéanamh ar chúlra na línte sin d'fhonn comhthéacs a sholáthar dóibh. Is féidir faisnéis beathaisnéise na n-údar a thabhairt do na daltaí ag an am cuí nó is féidir na daltaí a spreagadh chun a gcuid taighde féin a dhéanamh sa leabharlann.

Thar gach aon rud eile, ba cheart taitneamh a bhaint as na saothair dhualgais mar shaothair FILÍOCHTA. Déanfaidh an múinteoir iarracht samhlaíocht na ndaltaí a spreagadh, grá na filíochta a chothú iontu, cabhrú leo dea-aistriúcháin a dhéanamh agus na téacsanna agus a n-údar a chur ina gcomhthéacs stairiúil, sóisialta agus cultúrtha sa chaoi go gcuirfear go mór le tuiscint na ndaltaí ar an saol Rómhánach.

Déanfaidh an múinteoir iarracht freisin cabhrú leis na daltaí scileanna an fhile a thuiscint. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis seo scil an fhile aithint chun craiceann maith a chur ar scéal nó cur síos a dhéanamh, nó an dá rud, agus d'fheadfaí a iarraidh orthu breith a thabhairt air – bíodh siad báúil leis nó ná bíodh. Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann na teicnící filíochta a úsáidtear a aithint agus a phlé, mar shampla, meadaracht (féach Aguisín 2), truamhéala, aoir, íoróin agus greann, chomh maith le tróip chainte mar shamhlacha, mheafair, fhuaimfhoclaíocht (onamataipé) agus uaim. Ba cheart na daltaí a spreagadh chun go bhfeicfidís an chaoi a gcuireann na gnéithe 'teicniúla' sin leis an rath foriomlán atá ar shaothar an fhile agus, dá bhrí sin, leis an taitneamh ar féidir linn a bhaint as.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí 'a gcuid féin a dhéanamh' den fhilíocht dualgais. Tá roinnt bealaí cur chuige teagaisc ann a d'fhéadfadh an obair sin a éascú. Mar shampla, d'fheadfaí na focail agus an cúlra riachtanach a mhíniú ar dtús agus ansin d'fhéadfadh an múinteoir an dán a léamh os ard don rang. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh na daltaí na fuaimeanna agus na rithimí atá in a lán de na sleachta agus go mbainfidís taitneamh astu. Tar éis don mhúinteoir an dán a léamh os ard – roinnt uaireanta b'fhéidir – d'fhéadfadh sé nó sí é a aistriú ó bhéal ansin agus na daltaí ag cabhrú chuige sin an oiread agus is féidir leo. D'fhéadfadh na daltaí a n-aistriúcháin féin a scríobh ansin le cabhair foclóra. D'fhéadfadh an múinteoir a sheiceáil ina dhiaidh sin cé chomh beacht agus oiriúnach is a bheadh na haistriúcháin.

Nuair a bheadh an obair aistriúcháin déanta ba cheart go mbeadh an dalta in ann an fhilíocht Laidine a léamh ón leathanach agus gan aistriúchán foghlamtha de ghlanmheabhair a sholáthar.

Tábla 1

Liosta de na sleachta Laidine as a roghnófar an litríocht dualgais.

- 1 Phaedrus, Codex Ademari 15
- 2 Phaedrus, 1, 12
- 3 Catullus, 9
- 4 Catullus, 39, 1-8
- 5 Catullus, 3
- 6 Catullus, 5
- 7 Catullus, 84
- 8 Catullus, 101
- 9 Catullus, 70 agus 85
- 10 Óivid, *Fasti* III, 215-222, 225-228
- 11 Óivid, *Fasti* II, 687-698
- 12 Óivid, *Fasti* II, 223-234
- 13 Óivid, *Fasti* II, 235-242
- 14 Óivid, *Fasti* IV, 425-426, 429-433, 441-446
- 15 Óivid, *Fasti* IV, 502-503, 505-506, 511-514
- 16 Óivid, *Fasti* IV, 519-530
- 17 Óivid, *Fasti* IV, 537-544
- 18 Óivid, *Fasti* II, 83-86, 93-96
- 19 Óivid, *Fasti* II, 97-100, 103-106, 111-116
- 20 Óivid, *Heroides*, XIV, 33-41
- 21 Óivid, *Heroides*, XIV, 41-50
- 22 Óivid, *Heroides*, VIII 55-64
- 23 Óivid, *Metamorphoses* VIII, 183-195
- 24 Óivid, *Metamorphoses* VIII, 195-208
- 25 Óivid, *Metamorphoses* VIII, 208-216
- 26 Óivid, *Metamorphoses* VIII, 217-225
- 27 Óivid, *Metamorphoses* VIII, 225-235
- 28 Óivid, *Metamorphoses* IV, 581-589
- 29 Óivid, *Metamorphoses* IV, 590-602
- 30 Óivid, *Metamorphoses* 1, 541-545, 548, 550-551, 553-554, 556-558
- 31 Óivid, *Metamorphoses* 1, 639, 642-650

- 32 Óivid, *Heroides*, VIII 73-76, 79-80, 89-90
- 33 Óivid, *Heroides*, VIII 91-100
- 34 Óivid, *Tristia* IV, 67-68, 71-78
- 35 Óivid, *Tristia* V, 15-24, 37-38
- 36 Óivid, *Epistulae ex Ponto* 1, 4, 1-8, 29-30, 47-50
- 37 Veirgil, *Na hEaclóga* 1, 1-10
- 38 Veirgil, *Na hEaclóga* 1, 18-25, 42-45
- 39 Veirgil, *Na hEaclóga* 1, 46, 51-52 56-58, 64-66, 77-78, 79-83
- 40 Veirgil, *Na Seoircí* IV, 464-470
- 41 Veirgil, *Na Seoircí* IV, 471-477, 481-484
- 42 Veirgil, *Na Seoircí* IV, 485-493
- 43 Veirgil, *Na Seoircí* IV, 494-506
- 44 Veirgil, *Na Seoircí* IV, 507-517, 519-520
- 45 Veirgil, *Na Seoircí* IV, 523-527
- 46 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 66-73
- 47 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 74-76, 80-83, 86-88
- 48 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 281-286
- 49 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 288-298
- 50 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 314-319, 327-332
- 51 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 381-392
- 52 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 393-404
- 53 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 522-532
- 54 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 584-591, 594-596
- 55 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 620-629
- 56 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 642-652
- 57 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 653-655, 657-665 .
- 58 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 665-674
- 59 Veirgil, *an Aeinéid* IV, 693-695, 700-705
- 60 Veirgil, *an Aeinéid* VI, 450-455
- 61 Veirgil, *an Aeinéid* VI, 456-466
- 62 Veirgil, *an Aeinéid* VI, 467-476
- 63 Veirgil, *an Aeinéid* III, 655-665
- 64 Veirgil, *an Aeinéid* III, 668-681

Phaedrus

Ní Rómhánach ó dhúchas ab ea an fabhalscéalaí Phaedrus. Rugadh é sa Tráicia, limistéar den Ghréig atá i bhfad soir ó thuaidh. Mar sclábhaí an-óg tháinig sé chun na Roimhe áit a ndearnadh **libertus** (saorfhear) de chuid chéad Impire na Róimhe, Ágastas Caesar, de. Nuair a tháinig Tibir i gcomharbas ar Ágastas, rinne an ceannasaí cumhachtach, contúirteach ar an nGarda Praetóireach sa Róimh, Séánas, é a ionchúiseamh agus a phionósú. Níl aon eolas againn faoin gcúiseamh ina choinne ach bhí sé fós beo nuair a chuir Tibir Séánas chun báis in 31 AD, agus tá a fhios againn go raibh Phaedrus fós ag scríobh fabhalscéalta nuair a bhí Cláidias faoi réim, fear a ndearnadh impire de sa bhliain 41 AD.

Bheartaigh Phaedrus sampla Aesóip a leanúint. Daor eile ón Tráicia a bhí in Aesóp, a mhair sa séú haois roimh Chríost. Ba í an difríocht mhór idir an bheirt acu ná gur scríobh Aesóp a chuid fabhalscéalta i bprós, agus gur scríobh Phaedrus i bhfoirm véarsaí. Ina theannta sin, mhaígh Phaedrus gur cheap sé níos mó topaicí le scríobh fúthu ná mar a rinne Aesóp.

Is éard atá i bhfabhalscéal, bíodh sé scríofa i bprós nó i véarsaíocht, ná scéal a ceapadh ina léirítear firinne shimplí éigin. Ba é a dúirt Phaedrus faoina chuid fabhalscéalta ná go dtugann siad pléisiúr chomh maith le comhairle chiallmhar agus treoir a thabhairt faoin gcaoi chun maireachtáil. Mínigh sé nach raibh sé de dhánacht aige a rá amach go díreach cad a cheap sé, agus ar an ábhar sin go ndearna sé fabhalscéalta dá smaointe agus dá thuairimí sa chaoi gur minic gur ainmhithe, nó crainn nó fiú rudaí neamhbheo a bhíonn ag labhairt agus ag gníomhú mar a dhéanfadh gnáthdhaoine faoi mar a tharlaíonn i gcartúin an lae inniu. Ansin bíonn teagasc nó ceacht morálta le fáil san fhabhalscéal.

Chaith Phaedrus a saol go léir ag chumadh fabhalscéalta agus tá sé neamhghnách i measc na bhfilí Rómhánacha sa mhéid is gur scríobh sé don phobal i gcoitinne agus ní don mhionlach a raibh oideachas orthu. Bhí an-rath air agus an-díol ar a chuid fabhalscéalta. Mar sin féin rinne na léirmheastóirí dáiríre neamhaird iomlán dá shaothar agus ba bheag aitheantas a tugadh dó lena linn féin. Tháinig cúig leabhar dá chuid slán ina bhfuil 95 fabhalscéal mar aon le hagusín ina bhfuil 30 fabhalscéal eile. Níl aon mhothúcháin dhoimhne le sonrú sna fabhalscéalta. Is é an bua mór atá acu ná a ngontacht, soiléireacht na scéalta a n-insítear iontu agus simplíocht na Laidine atá iontu.

1: Phaedrus, Codex Ademari 15

D'fhéadfaí na daltaí a spreagadh chun iniúchadh a dhéanamh ar theagasc na bhfabhalscéalta seo, agus fabhalscéalta eile atá ar eolas acu a phlé.

MEADARACHT: TRÍMHÉADAR IAMBACH

Línte:

2. **cauda... blandiens**: 'ag croitheadh a eireabail' (de réir bhunbhrí na bhfocal 'ag lorg cairdis lena eireabail'; tá **cauda** sa tuiseal ochslaíoch).
3. **ne perturberis**: 'ná bíodh scanradh oraibh'.
supplex: 'de réir mar a bhím san angar'.
5. **eximens**: 'ag tarraingt amach'.

5, 6. **gravi levat dolore:** ‘tugann sé faoiseamh (dó) ón(a) phian mhór’.

7. **falso... crimine:** ‘ar chúiseamh bréige’.

8. **ludis proximis:** ‘ag na chéad chluichí eile’.

10. **emissae:** ‘(i ndiaidh a bheith) scaoilte (isteach san airéine)’.

11. **medicinam:** ‘leigheas’.

13. **pastori:** ‘de chuid an aoire’ (tabharthach sealbhach).

ut (leis an bhfaí tháscach): ‘nuair’.

Féach scéal Androcles agus an Leon chun comparáid a fháil (*A New Approach to Latin*, Leabhar 1, lch. 190 agus *Ecce Romani*, Leabhar 4, lch. 48).

2: Leabhar 1 Fabhalscéal 12

MEADARACHT: TRÍMHÉADAR IAMBACH

Línte:

1. **ad:** ‘ag’.

5. **venantum (venantium):** ‘de chuid (na) sealgairí’ nó ‘(na) sealgairí’ (ginideach).

10. **edidisse...dicitur:** ‘deirtear go ndúirt sé’;
ainmneach agus infinid.

11. **o me infelicem:** ‘nach mise atá mí-ámharach’,
‘nach ormsa atá an mí-ádh’; cuspóireach
uaillbhreasach.

13. **quantum luctus:** ‘an oiread sin dóláis’;
ginideach rannaíoch i ndiaidh **quantum**.

laudaram: laudaveram.

Catullus

B'fhéidir gurbh é Caius Valerius Catullus an file liriceach ba mhó a bhí riamh sa Róimh. Rugadh é in Verona, i dtuaisceart na hIodáile, thart ar 84 RC ach is cosúil gur chaith an chuid ba mhó dá shaol gearr sa Róimh. Bhí an tréimhse ó 84-54 RC nuair a bhí Catullus beo, ar cheann de na tréimhsí ab achrannaí, agus ab fhoréigní i stair na Róimhe Poblachtánaí. Go deimhin, cuireadh deireadh leis an bPoblacht go luath tar éis a bháis. Teaghlach tábhachtach i dtuaisceart na hIodáile ab iad muintir Catullus agus bhí aithne aige ar go leor de phríomhphearsantachtaí polaitiúla na linne. Scríobh sé dánta chuig Caesar agus chuig Cicearó araon.

Níor chuir Catullus mórán spéise i bpolaitíocht na páirtithe áfach. Chuir sé an-spéis go deo ina phearsantacht féin, i ndaoine aonair, i mbéasa agus i nósanna na Rómhánach agus in ealaín na filíochta. Mar thoradh air sin, tugann an 116 dán dá chuid a mhaireann léargas ríthábhachtach dúinn ar go leor gnéithe den ghnáthshaol laethúil sa Róimh le linn ceann de na tréimhsí ba thábhachtaí i stair na Róimhe agus na hEorpa.

Is iomaí cúis atá leis an gcaoi a dtéann Catullus i gcion orainn inniu: d'fhulaing sé dianghrá cráite agus rinne sé cur síos soiléir ar gach mórchéim a bhain leis; thug sé grá an domhain dá mhuintir agus dá chairde ach ní raibh ach drochmheas aige ar a naimhde; léiríonn sé a mhothúcháin go neamhbhalbh ionraic; bhí greann ealaíonta aige a mheasaimid a bheith an-chosúil le greann an lae inniu; agus fuair sé bás go hóg in 54 RC nuair nach raibh ach 30 bliain slán aige.

Sna dánta móra leis, téann Catullus i ngleic le téamaí mar an grá, an cairdeas, naimhde pearsanta, an pósadh (cé go mb'fhéidir nár phós sé riamh) agus bás a dhearthár ionúin. Is iomaí mothú atá le sonrú iontu ó ghiúmar éadrom agus magadh go mothú domhain an chroí. Tá go leor de na dánta an-díreach go deo agus an-mhothú le sonrú iontu, óir bhí na mothúcháin níos tábhachtaí i súile Catullus ná an réasún. Measann roinnt daoine go bhféadfadh Catullus a bheith de bhunadh Ceilteach toisc an déine mhothúchánach seo a bhí ann agus an chaoi go raibh raibh Ceiltigh lonnaithe in Verona, agus nach ndearnadh **colonia** Rómhánach de go dtí bliain nó dhó sular rugadh é. Is spéisiúil an rud é gurbh é **dochtus** an aidiacht ba mó a úsáidí le cur síos a dhéanamh ar Catullus, focal a chiallaigh 'léannta' toisc go raibh baint aige le grúpa filí óga a dtugtaí an Scoil Alastrach nó na 'neoitéirigh' orthu agus a raibh filí Alastracha na Gréige ón tríú haois RC mar eiseamláirí acu.

3: Carmen 9 le Catullus

Tá fáilte abhaile ón Spáinn á cur roimh chara Catullus, Veranius, sa dán seo. Luann Catullus é i dtrí dhán eile – 12, 28 agus 47 – mar chompánach Fabullus. Tá siad le chéile sa Spáinn i ndán 12, agus i ndánta 28 agus 47 tá siad araon ar fhoireann duine darbh ainm Piso i gcúige nach luaitear, tráth dá raibh Catullus sa Bhitín le Memmius (57-56 RC). Meastar dá bhrí sin gurbh é L. Calpurnius Piso Caesoninus, leaschonsal na Macadóine ó 57-55 RC an Piso sin.

Tabhair faoi deara cé chomh hoscailte agus chomh macánta is atá Catullus agus é ag léiriú a chuid mothúchán i leith a charad – tréith atá fós ag muintir de bhunús Laidineach sa lá atá inniu ann.

MEADARACHT: HEINDEICISHIOLLACH.

STRUCHTÚR: Cuirtear dhá cheist reitriciúla agus tugann an file freagra ar gach ceann acu. Tagraíonn na huimhreacha don líne nó do línte áirithe an dáin.

Línte

- 1-4. An bhfuil tú tagtha abhaile?
5. Sea, tá tú. Nach iontach an scéal é!
- 6-9. An mbuailfidh tú liom agus an inseoidh tú dom faoin taisteal go léir a rinne tú?
- 10-11. Cúis mhór áthais dom é sin!

Línte:

- 1, 2. **omnibus... trecentis**: 'Thar mo chairde go léir is fiú níos mó thú dar liom ná milliún.'
antistans... milibus trecentis a chuirtear in áit na breischéime a bheadh muid ag súil leis i ndiaidh **omnibus e meis amicis**.
4. **unanimos**: 'grámhar' – tagraíonn sé go rialta do chomhbhá a roinnt seachas do thuairimí.
anumque matrem: faoi mar a thagraíonn **senex** d'fhir, sa chaoi chéanna is féidir **anus** a úsáid mar aidiacht ag cur síos ar mhná.
5. **o mihi nuntii beati**: Is é an míniú a tugadh ar **nuntii beati** ná gur ginideach uailbhreasach nó ainmneach uailbhreasach atá ann – tugann an uimhir iolra le tuiscint dúinn go bhfuil níos mó ná faisnéiseoir amháin i gceist.
6. **Hiberum**: ginideach iolra is dócha (ginideach ársa dar críoch **-um** sa dara díochlaonadh) de **Hiberus** seachas **Hiber** nach mbíonn sna claontuisil.
7. **narrantem loca, facta, nationes**: deirtear go mbíonn siúlach scéalach agus seo achoimre bheacht ghonta ar na scéalta a bhíonn ag a bhformhór acu.
8. **applicansque collum**: 'ag síneadh do mhuiníl i mo threo' Féach Cicero *Fam* xvi, 27,2 chun sampla eile den bhealach oscailte a léiríodh na Rómhánaigh an cion a bhí acu dá chéile.
10. **o quantum est hominum beatorum**: 'cé i measc na bhfear sona go léir atá níos sona ná mise? – is ionann é seo agus ginideach rannaíoch.

4: Carmen 39 le Catullus Línte 1-8

Tugtar leid dúinn in *Carmen* 37 le Catullus ar an bhfáth ar scríobh sé an aoir gharbh seo (atá an-ghreannmhar freisin) ag ionsaí Egnatius. Bíonn gaige féasógach na gruaige fada ón Spáinn le feiceáil go rialta ag an **salax taberna** agus is duine de leannáin Lesbia é. Tá sloinne Iodálach air agus mar sin is dócha gur duine de theaghlach Rómhánach nó Iodálach a bhí tar éis socrú síos ar Spáinn é. Deir Quinn go ndéanann an dán seo *'half endears him to us; we feel he is closer to the Arrius of Poem 84 than to the Aemilius of Poem 97. Egnatius is the eternal hanger-on: the man who means well, but never quite grasps what is happening around him; who exudes amiability, wants to be a social success – and gets on everybody's nerves'*. Tabhair faoi deara go ndéantar an focal **renidet** a athrá sa dán seo, rud a thugann le fios cé chomh leadránach a éiríonn iompar Egnatius. Is féidir éifeacht an athrá seo a léiriú nuair a léitear an dán os ard.

Cuir i gcomparáid é le nath Martial faoin mbeirt bhéithe a bhí san iomaíocht le chéile:

Thais habet nigros, niveos Laecania dentes.

quae ratio est? emptos haec habet, illa suos.

Fiacla dubha atá ag Thais ach tá fiacla Laecania chomh geal le sneachta.

Cén fáth? Cheannaigh Laecania a cuid fiacla, a fiacla féin atá ag Thais.

MEADARACHT: IAMBAIGH BHACACHA

STRUCHTÚR: 21 líne atá sa dán sa chaoi go bhfuil sé roinnte go nádúrtha ina 3 véarsa. An chéad véarsa atá sa sliocht atá againn – línte 1-8. Éiríonn le hEgnatius gach aon duine a chrá leis an ngáire mór gléigeal a bhíonn aige mar fhreagra ar gach rud a tharlaíonn. D’fhonn cuma níos seafóidí a chur air ligeann Catullus air go ndéanann Egnatius é sin d’fhonn gile a chuid fiacla a thaispeáint do gach aon duine. Leanann an dán leis an smaoineamh **nam risu inepto res est ineptior nulla** ('mar níl aon rud níos áiféisi ná gáire áiféiseach.') agus tugann sé le fios go bhfuil fiacla chomh gléineach sin ag Egnatius toisc go gcleachtann sé an nós Spáinneach agus go níonn sé iad le mún (capall).

Línte:

2. **renidet usquequaque**: 'bíonn sé ag lonrú cibé áit a dtéann sé'.

ventum est: briathar saor na faí céasta 'thángthas', is é sin le rá 'tháinig daoine'

2-3. **Rei ... subsellium**: bhíodh na binsí adhmaid ar ar suíodh an cosantóir agus a lucht tacaíochta ar thaobh thall na cúirte os comhair na mbinsí ar ar suíodh lucht an ionchúisimh.

5. **lugetur**: briathar saor na faí céasta – 'caointear'.

6. **quidquid est**: 'cibé atá ag tarlú'.

7. **hunc habet morbum**: 'is galar é atá air'.

8. **urbanum**: is 'de shliocht uasal' nó 'de bhunadh maith' a chiallaíonn an focal anseo ach is é 'ón gcathair' an chiall áitiúil atá leis in áiteanna eile.

5: Carmen 3 le Catullus

Baineann Dánta 5, 6, an t-eipeagram 9(a) agus an leathrann 9(b) le grúpa dánta ina ndéantar cur síos ar an gcaoi ar thug sé grá a anama do bhean dar thug sé Lesbia mar ainm uirthi agus an toradh tubaisteach a bhí ar an scéal. Thug sé an t-ainm sin uirthi mar thagairt do Safó, an file ó Lesbos, ar ghlac Catullus ceann dá óideanna grá agus gur chuir sé in oiriúint í chun a ghrá féin a fhógairt. Is dócha gurbh é Clodia fíor-ainm na mná, bean chéile Metellus Celer, a bhí ina ghobharnóir ar an nGaill Chiosalpach in 62 RC, agus gur deirfiúr le Clodius í, fear a raibh míchlú air. Bhí Clodia níos sine ná Catullus. Bhí níos mó taithí ar an saol aici agus is iomaí leannán a bhí aici. Má bhí sí mór leis ní raibh ann ach eachtra sealadach eile ina saol, ach bhí seisean splantha ina diaidh agus spreag an grá sin na dánta ina léirítear speictream iomlán na mothúchán. Tá comhbhá éadrom gealgháireach le sonrú in Dán 5. Braithimid gliondar agus aoibhnis an ghrá a bhí acu dá chéile in

Dán 6, ach sna blúirí atá fágtha againn in Dán 9 feicimid an chiall cheannaithe agus an fuath a d'eascair ina chroí nuair a bhí an caidreamh thart agus nár fhéad sé í a ruaigeadh óna chroí.

Lean sé an múnla traidisiúnta sa chaoineadh a scríobh sé ar bhás ghealbhan Lesbia agus tá cosúlachtaí áirithe idir é agus na feartlaoithe d'ainmhithe marbha atá le fáil sa Duanaire Gréigise. I measc na samplaí eile d'fheartlaoithe do pheataí marbha i bhfilíocht na Laidine tá eiligiacha Óivid ar bhás phearóid Corinna (*Amores* ii, 6) agus na heindeicishiollaigh a scríobh Martial ar bhás mhadra Stella (i, 149). Bíodh is gur fuirseoireacht atá i ndán Óivid, dán grá atá ag Catullus agus íoróin mhín ghrástúil ann a chinntíonn nach saothar maoithneach atá ann. Is é sin an caoineadh is éadroime agus is gealgháirí a d'fheadfadh duine a shamhlú agus éiríonn leis an bhfile ag an am céanna magadh a dhéanamh faoi bhás truamhéalach an éin agus comhbhrón caoin a léiriú faoi bhrón an té ar leis é. Bhí sé de scil ag Catullus caoine ar pheata marbh a úsáid chun grá a léiriú dá mháistreás agus friotal fileata a dhéanamh de chaint laethúil.

Tabhair faoi deara an leas a bhaineann sé as béarlagar: m.sh. **vobis male sit**; as díspeagthaí ceana chun cionn a léiriú m.sh. **ocelli, miselle, turgiduli** agus as focail na gnáthchainte laethúla mar **pipiabat**, rudaí a thugann le fios nár cheart a ghlacadh go ródháiríre leis an dán faoi mar a cheapfadh duine ar dtús.

Conas a d'éirigh le Catullus an meas atá aige do pheata aoibhinn a chur in iúl agus ag an am céanna a léiriú go bhfuil sé ag magadh agus gur cuma leis nach mór faoin mbás 'tragóideach', agus fós a thabhairt le fios go soiléir gurb é croí an dáin an chaoi a gcaitheann sé go báúil íogair le brón Lesbia? Tá sé seo le rá ag Quinn ag deireadh an dáin: 'Though they mock pathos, the concluding lines are among the most delicately pathetic in Catullus.'

Tabhair faoi deara an chodarsnacht idir iompar an éin nuair a bhí sé beo – línte 8-10 – agus nuair a bhí sé marbh – línte 11-12 – agus an greann a bhaineann leis an smaoineamh go rachadh an gealbhan beag ag preabadh leis síos an cosán fada dorcha go dtí a bhás. Tá samplaí le fáil in Aguisín 1 de na bealaí difriúla ar aistriugh daoine éagsúla na línte sin.

Scríobh Veirgil an Aineid 30 bliain i ndiaidh bhás Catullus agus tá cur síos níos dáiríre le fáil i leabhar VI 268-9 ar an turas a rinne an laoch Aineas agus Sibille Chumae síos an bóthar scanrúil céanna:

**ibant obscuri sola sub node per umbram
perque domos Ditis vacuas et inania regna.**

Chuadar ar aghaidh go dorcha, faoi scáth na hoíche uaigní, trí lár na gruaimhe
Trí hallaí folmha Dis agus a ríochta neamhfhuaimintiúla.

MEADARACHT: HEINDEICISHIOLLACH

STRUCHTÚR: 1-3 ráiteas sollúnta (bréige) cuí faoin gcás.

4-10 **laudatio** an mhairbh.

11-12 ráiteas maorga léanmhar (bréige) den rud a deirtear go minic – go bhfuil sé 'imithe gan filleadh arís go deo'.

13-16 racht feirge.

17-18 athrú tobann ón ngealbhan go fíorbhar spéise Catullus – Lesbia.

Línte:

1. **Veneres Cupidinesque**: is iad na mínithe a thugtar ar na leaganacha iolra seo ná go seasann siad do chumhachtaí uile na mealltacha agus na mianta; gurb ionann na **Cupidines** agus na **Amores** iomadúla atá le fáil san fhilíocht ina dhiaidh sin; gurb ionann na **Veneres** agus an bheirt Véineas – Afraidíte Pandemos agus Afraidíte Uranios – grá níos ísle agus grá níos airde; nó go raibh Catullus ag smaoineamh ar rudaí a d’oirfeadh dá mheadaracht freisin.
2. **quantum est**: nath – ón ngnáthchaint laethúil – ‘na daoine mealltacha go léir (**hominum venustiorum**) atá ann.’ **venustiorum**: is cosúil go mb’fhocal ‘faiseanta’ é **venustus** i measc cairde Catullus. Úsáideann sé é le cur síos a dhéanamh ar a chairde (*Carmen* 13.6); ar Loch Garda (*Carmen* 31.12); ar obair fhile eile (*Carmen* 35.17), agus ar na daoine agus ar na rudaí a bhogann a chroí. Tugann an stádas atá ag an bhfocal sa dán seo le tuiscint gur mheas Catullus go raibh dlúthbhaint idir an focal sin agus an bunfhocal **Venus** ónar tháinig sé. Cur síos is ea **Venustus** ar aon rud ar féidir lena ghleiteacht grá a spreagadh.
6. **mellitus**: gnáthleagan cainte arb ionann é beagnach agus ‘ba eisean a cuid meala’. Déanann Cicearó tagairt dá mhac ina *Litreacha chuig Atticus*, Leabhar 1, Uimh. 18 ina dtugann sé **mellitus Cicero** air.
- 6.7 **suamque... ipsam**: Molann Fordyce go nglacfaí leis gurb é ciall na bhfocal sin ná ‘a mhaistreás’. D’úsáideadh sclábhaithe agus saorfhir **ipse** agus **ipsa** sa ghnáthchaint le tagairt a dhéanamh don mháistir agus don mháistreás a bhí acu.
6. **Norat**: ciorrú é seo ar **noverat** ar mhaithe leis an meadaracht.
10. **ad ... dominam**: ‘le beannú dá mháistreás’.
11. **tenebriosum**: ‘gruama’. Níor mheas lucht comhaimseartha Catullus go raibh aon rud rómánsúil ag baint leis an bhfocal. D’úsáid Varro an focal, mar shampla, le cur síos a dhéanamh ar theach na gcearc (*de Re Rustica* iii.9.19) agus d’úsáid Cicero é le cur síos ar theach óil an íosaicme (*in Pisonem*).
14. **Orci**: úsáidtear an focal le cur síos ar an domhan thíos, agus trí leathnú céille, ar an dia Plútón nó Dis agus ar an mBás féin. Úsáideann Ennius, Lucretius agus Veirgil é mar fhocal sollúnta eipiciúil, ach tá sé le fáil i nathanna gnáthchainte a scríobh Plátas.
bella: tá focal na gnáthchainte **bellus** i bhfad níos coitianta ná an focal **pulcher** sna dánta níos giorra a scríobh Catullus. Focal ársa é **bellus**, focal a cumadh ó dhíspeagadh de **bonus** sa Laidin réamhchlasaiceach. Maireann an focal **bellus** sna teangacha Rómánsacha inniu seachas an leagan **pulcher**, a bhí níos liteartha.
18. **turgiduli ... ocelli**: Is minic a úsáideann Catullus díspeagadh go héifeachtach in a lán dá chuid dánta chun blas ‘mothúchánach’ a chruthú. Spreagann siad réimse leathan mothúchán

- cion, gean, caidreamh, spraoi agus drochmheas ach uaireanta eile cuireann siad truamhéala agus anacair in iúil. Ní gá go léireodh díspeagadh méid beag ar chor ar bith.

6: Carmen 5 le Catullus

Cibé an nglacaimid le tuairim Mackail gurb é Catullus an tríú file liriceach is mó ar domhan i ndiaidh Safó agus Shelley ('the third beside Sappho and Shelley') nó má dhiúltaímid dó, ní mór a admháil gur de bharr a chuid dánta gearra, liriceacha, mothúchánacha is mó a chuimhnítear ar Catullus, agus gurb iad an dá dhán leis is mó a théann i gcion ar dhaoine ná an dán ag ceiliúradh an ghrá thar cuimse a bhí aige ar Lesbia nuair ba theasaí a bhí a gcaidreamh eatarthu agus an dán a léiríonn an brón dofhulaingthe a bhí air nuair a thug sé cuairt ar uaigh a dhearthár dhil.

Tá an dán seo cosúil leis an dán roimhe ar bhás ghealbhan Lesbia sa mhéid is go bhfuil sé scríofa i línte heindeicishiollaigh, faoi mar atá an tríú cuid de na dánta a scríobh sé. Cúis iontais dúinn na feidhmeanna ealaíonta a d'éirigh leis a bhaint as an meadaracht sin – ón mbrón spráúil atá le sonrú le **Lugete, O Veneres Cupidinesque** go dí an paisean a léirigh sé le **Vivamus, mea Lesbia**.

Is é seo an chéad dán inar ghlaigh Catullus ina hainm ar Lesbia, cé gur féidir a bheith beagnach cinnte de gurbh ise an **puella** (cailín, máistreás nó grá geal) atá sa dán roimhe sin.

Ní hamháin gur úsáid sé an mheadaracht chéanna is a bhí aige sa dán faoin ngealbhan, ach tá béarlagair sa dán seo freisin mar aon le gnéithe a bhain le piseoga na ndaoine – féach freisin ar Carmen 7 le Catullus, dán a théann leis ach sa chás sin go bhfuil cúrsaí casta droim ar ais agus gurb é Catullus atá ag pógadh na mná. Críochnaíonn an dán seo leis na focail:

quae nec pernumerare curiosi

possint nec mala fascinare lingua

(póga) nach mbeidh daoine fiosracha in ann a áireamh

agus nach mbeidh teanga mhailíseach in ann asarlaíocht a imirt orthu.

Déanann an dán seo ceiliúradh ar chéad ghliondar ríméadach an ghrá, nuair atá rún daingean ag an leannán diúltú do dhearcadh cáinteach morálta na ndaoine timpeall air, daoine atá dall ar luach iontach na beatha toisc go bhfuil dearcadh cúng mionaigeanta acu agus go mbíonn siad ag tomhas agus ag áireamh gach buntáiste, agus toisc nach bhfuil sa ghrá dar leo ach deis eile le bheith ag chabaireacht go mailíseach faoi dhaoine. Leis an **Vivamus** i líne 1, tá sé ag tathant ar Lesbia go mbéarfaidís araon ar a gcuireann an saol ar fáil dóibh ach is féidir an focal sin a thuiscint chomh maith de réir bhrí **carpe diem**, mar in ainneoin briathra lúcháireacha, lonracha an dáin tugann sé le fios i línte 4-6 go bhfuil an bás i ndán dóibh. Tá buaic an aoibhnis sroichte aige ach tuigean sé nach bhfuil sa saol seo ach seal beag gearr.

D'fhéadfaí aistriúcháin éagsúla ó thréimhsí éagsúla ar na chéad sé líne den dán a thaispeáint do na daltaí (féach Aguisín 1 a), agus d'fhéadfaí a iarraidh orthu roimhe sin nó ina dhiaidh, iarracht a dhéanamh na línte a aistriú iad féin. Dála an scéil, tá an dán aistrithe go Gaeilge ag Gabriel Rosenstock agus é le fáil ar an Idirlíon. Déanann Catullus cur síos sna línte ó 4-6 ar neamhbhuaine shaol an duine i comhthéacs thimthriall an nádúir. Is iomaí duine a bhfuil na línte sin ar eolas acu agus d'fhéadfaí a iarraidh ar na daltaí iad a chur de ghlanmheabhair agus iad a rá os ard chun a n-éifeacht iomlán a thuiscint.

Is dócha go bhfuair W.B. Yeats inspreagadh ón dán seo chun dán a scríobh faoi Catullus agus an chaoi a raibh scoláirí an fichiú haois ag caitheamh leis. (Féach Aguisín 1 b – Litríocht Ghaolmhar Uimh. 3).

MEADARACHT: HEINDEICISHIOLLACH.

STRUCHTÚR:	1-3	Tosaíonn sé leis an tré vivamus , amemus agus aestimemus agus iad ag éirí níos faide i ndiaidh a chéile. Déanann na línte ina ndiaidh sin forbairt ar gach ceann de na smaointe sa tré tosaigh sin.
	4-6	vivamus ba cheart go spreagfadh cuimhne an bháis muid chun an tairbhe is mó a bhaint as ár saol.
	7-9	amemus mar sin gráimis a chéile fad is féidir linn
	10-13	seo an chuid is faide den dán, sa chaoi chéanna gurb é an tríú cuid den chéad tré an chuid is faide, agus glacann sé téama senes serveriores agus an chaoi le mearbhall a chur ar dhaoine fiosracha.

Línte

1. **vivamus**: úsáidtear anseo é chun béim a leagan ar ‘bainimis taitneamh as an saol’.
2. **rumoresque senum severiorum**: Tugann Fordyce: ‘the gossip of puritan greybeards.’ (cabaireacht seanóirí piúratánacha na bhféasóg liath) mar aistriúchán air.
3. **omnes unius**: tabhair faoi deara an chaoi a gcuirtear na focail le chéile ar mhaithe le béim a leagan orthu.

assis: ‘abraimis nach fiú *as* amháin iad.’ – ginideach praghais.

5. **occidit ... lux**: tabhair faoi deara éifeacht an tsoa i troigh dheireanach na líne toisc go bhfuil críoch aonsiollach neamhghnách air – b’fhéidir go gcuireann sé i gcuimhne dúinn gurb é an bás an críoch. **Occidit** foirm mhinice agus ghinearálaitheach den bhriathar é seo. Dá mba thagairt do Catullus agus do Lesbia a bhí i gceist, níor mhór **occiderit** (an aimsir fháistineach fhoirfe) a úsáid. Clísé is ea giorra saoil an duine agus agus clísé eile is ea solas na gréine a úsáid mar shiombail air ach tugann Catullus úire nua do na smaointe traidisiúnta sin leis an mbealach snoite a luann sé iad agus le hioróin na tagartha pearsanta atá intuigthe i líne 6.

semel: neartú na gnáthchainte ar *cum*: ‘an t-aon uair amháin’.

brevis lux: ‘ár solas gearr’. Tabhair faoi deara an chodarsnacht idir an uimhir uatha anseo agus an leagan iolra, **soles**. Ba mhinic a luaigh na Gréagaigh an focal ‘ephémeros’ leis an duine, focal a chiallaíonn ‘aon lae amháin’, is é sin le rá, gur créatúr aon lae amháin an duine.

7. **basia**: Is é seo focal Catullus féin ar ‘phóga’ seachas an focal caighdeánach **osculum** a úsáid. Thug Gilbert Highet le fios go mb’fhocal Ceilteach a bhí ann a thug Catullus leis go

dtí an Róimh agus a chuir i mbéal an phobail é. Is é sin an focal ar ‘phóg’ atá tagtha anuas chugainn sna teangacha Rómánsacha (**baiser. bise** na Fraincise).

9. **usque**: d’fhéadfaí a aistriú freisin mar 'gan sos'.
10. **fecerimus**: an aimsir fháistineach fhoirfe den mhodh táscach.
11. **conturbabimus: conturbare** ‘praiseach a dhéanamh de do chuntais féin’. Fágтар an cuspóir intuigthe **rationes** (cuntais) ar lár i gcónaí. Téarma teicniúil é ar an gcaoi a chuireadh féimhigh leabhair chuntais bhréige ar fáil le calaois a dhéanamh ar a gcreidiúnaithe.

ne sciamus: dá ndéanfaimis ár mbeannachtaí a cheiliúradh chomh hoscailte sin, bheimis ag tabhairt cuireadh do Nemesis agus don tsúil mhillteach.

12. **invidere**: d’úsáidte an briathar seo go rialta sa chiall ‘an tsúil mhillteach a chasadh i dtreo’.
13. **sciat**: léiríonn sé seo an tseanphiseog choitianta (agus an prionsabal i gcleachtadh na draíochta) a deir má bhíonn eolas cruinn agat ar dhuine eile go mbíonn cumhacht agat air. Tá sé intuigthe mar sin dá mbeadh a fhios ag duine go cruinn cé mhéad póg a tugadh go mbeadh an té sin in ann an grá a mhilleadh. Molann Quinn, gur fearr glacadh le **sciat** ó thaobh ama seachas mar ó thaobh cúise de agus gur foshuiteach comhshamhlaithe atá ann.

7. Carmen 84 le Catullus

Is cosúil go bhfuil Catullus ag iarraidh a chur in iúl gur duine de mhuintir bhocht é Arrius ach go ndeachaigh sé ar aghaidh sa saol. Níl sé cinnte faoi chúrsaí anáilaithe, agus nuair a bhíonn sé ag iarraidh cuma léannta a chuir air féin cuireann sé sna háiteanna míchearta iad. Chuir focleolaithe an-spéis i gcúrsaí anáilaithe le linn aimsir Catullus. Dúirt Cicero, in *De Oratore* xlvi, 160, go raibh sé de nós ag daoine lena linn anáilú a dhéanamh de ghutaí agus de chonsain araon, bíodh is nach ndéantaí consain a anáilú riamh roimhe sin:

**Quin ego ipse, cum scirem ita maiores locutos ut nusquam nisi in vocali
aspiratione uterentur, loquebar sic ut pulcros, Cetegos, triumphos,
Cartaginem dicerem; aliquando, idque sero, convicio aurium cum extorta mihi
veritas esset, usum loquendi populo concessi, scientiam mihi reservavi.**

In my own case, knowing that our forefathers did not use the aspirate except with a vowel, I said pulcer, Cetegus, triumphus, Cartago; after a while, – a long while indeed – the reproof of the ear forced me to abandon the correct pronunciation; I yielded to the people in the matter of usage, and kept the knowledge for myself. (aistriúchán Loeb)

Is cosúil go bhfuil Cicearó ag tabhairt le fios gur tharla sé sin de bharr focail nua Ghréigise a tháinig isteach sa Laidin agus toisc gur thuig daoine go raibh fuaim níos deise ag leagan amháin seachas ag leagan eile.

Cíorann Cuintilian an cheist chéanna ina shaothar *Institutio Oratoria* Leabhar 1, v. agus luann sé dán Chatullus mar aoir ar an séimhiú iomarcach a bhí go mór san fhaisean ag an am sin:

Parcissimea veteres usi etiam in vocalibus, cum aedos ircosque dicebant; diu deinde servatum, ne consonantibus aspirarent, ut in Graccis et in triumphis; erupit brevi tempore nimius usus, ut choronae, chenturiones, praechones adhuc quibusdam in inscriptionibus maneat, qua de re Catulli nobile epigramma est.

*Older authors used it but rarely even before vowels, saying **aedus** or **ircus**, while its conjunction with consonants was for a long time avoided, as in words such as **Graccus** or **triumpus**. Then for a short time it broke out into excessive use, witness such spelling as **chorona**, **chenturia** or **praecho**, which may still be read in certain inscriptions: the well-known epigram of Catullus will be remembered in this connection. (aistriúchán Loeb)*

Rinne Aulus Gellius an tagairt seo ina shaothar *Noctes Atticae* Leabhar 13, vi, líne 3:

P. Nigidius commentariis grammaticis 'rusticus fit sermo' inquit 'si adspires perperam' .

Deir P. Nigidius in thráchtair gramadaí ‘beidh blas na tuaithe ar do chuid cainte má bhaineann tú leas mícheart as análu’ (‘your speech will sound countrified if you aspirate wrongly’).

Insíonn Fronto dúinn go raibh caibidil **de verbis aspirationibus** ag Caesar ina shaothar *De Analogia* atá cailte anois.

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

STRUCHTÚR: Tá mífhuaimnithe Arrius le fáil ag úrthosach agus ag deireadh an dáin agus tá siad le fáil ag focail dheireanacha an chéad agus an dara leathrainn.

Línte:

1. **vellet**: is cosúil gur sampla é seo den modh foshuiteach á chur in áit an ghnáthmhodha tháscaigh i gclásal minice – ‘aon uair is mian leis a rá...’
3. **sperabat**: ciallaíonn sé ‘mheall sé é féin’ anseo.
4. **quantum poterat**: .i. leis an neart go léir a bhí ina scamhóga.
5. **mater sic credo**: tugann an focal **credo** le tuiscint gur míniú íorónta an míniú seo: Níor mhór go bhfuair Arcius a nósanna aisteacha óna mháthair, toisc go meastar gurb iad na mná a chaomhnaíonn na modhanna labhartha is glaine agus is sine. Féach Platón (*Cratylus* 418b) agus Cicearó (*Brutus* 211), (*De Oratore* III, 45.)

liber: uaireanta scríobhtar é le ceannlitir mar ainm dílis, ach ní dócha gurb é sin an cas anseo. Más fíor an leagan sin de **liber**, is cosúil gur claontagairt atá ann a thugann le tuiscint gur de bhunadh sclábháí muintir mháthar Arrius ach gur mhaígh uncail leis ar thaobh a mháthar gur rugadh saor é.

7. **misso**: thagródh sé seo sa ghnáthchúrsa do thuras oifigiúil.

requierant: leagan sioncóipithe nó ciorraithe de requieverant.

8. **audibant:** audiebant.

leniter et leviter: **leniter** 'go réidh, gan cur as don chluais'; **leviter** ciallaíonn sé 'go bog, le ton íseal' nó 'gan béim mhíchuí'. Tabhair faoi deara an teilgean cainte a aistríonn dobhriathra a bhaineann le briathra cainte go briathra éisteachta. Féach Veirgil (*an Aeinéid* II líne 11) **breviter Troiae supremum audire laborem**.

11. **Ionios fluctus:** An Mhuir Aidriad, a bheadh ar Arcius a thrasnú ó Bhruindísiam agus é ar a bhealach soir.

8. Carmen 101 le Catullus

D'fhonn éalú ón gcéasadh a bhí á fhulaingt aige de bharr a ghrá do Lesbia agus ó ba scoláire é agus gur mhian leis cuairt a thabhairt ar na háiteanna a bhain le sibhialtacht na Gréige (cuimhnigh go dtugtaí '**doctus**' air), liostáil Catullus i bhfoireann Memmius, a bhí ag dul go dtí an Bhitín mar phríomhriarthóir na cúige in 57 RC. Is cosúil gur thug sé cuairt ar an turas amach ar uaigh a dhearthár a bhí níos sine ná é agus ar adhlacadh é in aice le fothracha na Traí. Déanann sé cur síos drámata sa dán seo ar an turas a thug sé ar uaigh a dhearthár dhil a bhí curtha i bhfad i gcéin i dtír iasachta. Is é a dheartháir an t-aon ghaol leis a luann Catullus ina chuid filíochta agus is cosúil go mba bhuille tubaisteach dó a bhás. Déanann sé cur síos in *Carmen* 68, línte 22-24, ar an tionchar a bhí ag an mbás air, nuair a bhí sé díreach ag teacht in aois fir:

**tecum una tota est nostra sepulta domus,
omnia tecum una perierunt gaudia nostra
quae tuus in vita dulcis alebat amor.**

Tá ár dteach go léir adhlactha leat,

Tá ár lúcháir go léir tar éis bás a fháil in éineacht leat,

(lúcháir) a chothaíodh tú leis an ngrá aoibhinn a thug tú dúinn fad a bhí tú beo.

Ba é a dúirt Gilbert Highet faoin dán ná gurb é sin: "*one of the most poignant little elegies ever written – saying, as he was bound to say (and as the tombstone itself said), the ritual words of greeting and farewell, but blending them into an utterance of sincere and passionate grief.*"

D'fhéadfaí spiorad an dáin seo a chur i gcomparáid leis an ngiúmar spráiuil, beagnach magúil, atá le sonrú sa chaoineadh ar bhás ghealbhan Lesbia.

Nuair a thug Catullus cuairt ar uaigh a dhearthár agus nuair a chomhlíon sé cluiche caointe traidisiúnta na Rómhánach, bhí gníomh eisceachtúil **pietas** á chomhlíonadh aige. Thugann Veirgil cur síos iomlán ar chluiche caointe den sórt sin in *Aeneid* VI línte 212-235 agus in *Aeneid* XI línte 182-202. I línte 97-98 den dara leabhar sin, fágann Aenéas slán ag an laoch óg marbh Pallas is é ag rá na bhfocal seo a leanas, agus b'fhéidir gur macalla iad de na focail a scríobh Catullus sa dán seo:

....."**Salve aeternum mihi, maxime Palla,
aeternumque vale**".

Tá sé seo le rá ag Fordyce faoin leagan amach atá ar an dán: "*The sepulchral epigram in the strict sense verses written, or purporting to be written, for inscription on a tomb – was a long-established genre going back to Simonides in the fifth century BC, and Book vii of the Greek*

*Anthology presents some hundreds of examples Unlike most of these Catullus' poem is not an epitaph. Here as elsewhere he has turned a recognised literary form into something more intimate and personal". Scríobh Fordyce an méid seo a leanas faoi stíl an dáin: "For all their simplicity Catullus' lines have a distinction of form, both in language and metre, which makes them outstanding among his elegiacs: the alliteration of **m** which runs through the poem is a piece of studied technique."*

Déan comparáid idir na haistriúcháin éagsúla a rinneadh ar dhán Catullus atá le fail in Aguisín I a.

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

2. **ad:** deiridh nó cuspóra, (mar atá i líne 8) – ‘chun an ofráil seo a thabhairt’ (**inferias**).
inferias: ofráil a dhéantaí ag an uaigh chuig na **di manes** – ‘spioraid na ndaoine a bhí imithe’. Ba iad fion, bainne, mil agus bláthanna na bronntanais a thugtaí de ghnáth.
3. **donarem:** is é **vectus advenio** leis an aimsir chaite intuigthe ann a chinntíonn an t-ord inar tharla sé – ‘Tháinig mé, tá mé tagtha’.
munere mortis: ginideach sainitheach in úsáid mar aidiacht – ‘bronntanas a bhaineann le bás, bronntanas báis’.
4. **neququam:** nasctha le **mutam** – focail in aisce a bhí ráite aige toisc nach féidir freagra a thabhairt orthu.
6. **indigne:** dobhriathar a úsáidtear le cur síos ar bhás ar buille tubaisteach é toisc gur tharla sé roimh am.
7. **interea:** Ní thugann sé le tuiscint anseo gur socrú sealadach atá ann agus go bhfuil súil ag Catullus níos mó a dhéanamh ar ball. Ciallaíonn sé ‘faoi mar atá cúrsaí faoi láthair’, ‘ar aon nós’, nó ‘ar chaoi ar bith’ – agus leagann sé béim ar a éadóchasaí is atá **nunc**. Níl ‘idir an dá linn’ i gceist agus níl sé ag súil le ‘go dtí’ éigin eile, rud a léireofaí de ghnáth le clásal **dum-** i ndiaidh **interea**.
more parentum: ‘de réir nós ár sinsear’.
8. **tradita sunt ... ad inferias:** feidhm deiridh nó cuspóra atá ag **ad** anseo, (mar atá i líne 2) – ‘atá curtha i láthair agam mar m’ofráil’.
9. **fraterno ... manantia fletu:** áibhéil í seo a bhí coitianta i bhfilíocht na Laidine. ‘Iad go léir fliuch le deora dearthár’.
10. **ave atque vale:** Is foirmle é seo a bhíonn le fáil sna hinscríbhinní ar thuamaí. Féach an tagairt thuas faoi Aeinéas ag fágáil slán le Pallas atá marbh.

9: (a) Carmen 70 le Catullus

Cuireann an leathrann seo *Epig. 27* le Callimachus i gcuimhne dúinn. Feicimid céim eile ann maidir leis an gcumann a bhí aige le Lesbia.

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

1. **nulli:** b'annamh a d'úsáidte mar ainmfhocal é nuair a bhí an Phoblacht faoi réim (uair amháin i litreacha Chicearó, dhá uair i scríbhinní Chaesair); glacann **nulli** áit **nemini** i scríbhinní Livias agus sa phrós a scríobhadh ina dhiaidh sin.

2. **non si: ne tum quidem si** 'níor mhian ... fiú dá'

Iuppiter ipse: nath seanfhoclach Féach Óivid *Metamorphoses* vii, 801 **nee Iovis illa meo thalamos praeferret amori;** agus *Heroides* 4,36 **Hippolytum videor praepositura Iovi.**

4. **vento et rapida..aqua:** is minic a mheastar go bhfuil caint gan éifeacht cosúil le gaoth agus le huisce. 'Téann focal le gaoth' a deirtear sa Ghaeilge. Féach *Propertius II* 28,8 **quidquid iurarunt ventus et unda rapit;** agus Óivid *Amores II*,16,45 **verba puellarum/... irrita qua visum est ventus et unda ferunt.** Scríobh ar uisce – nó ar an ngaoth – níl sé le feiceáil in aon áit eile sa Laidin, ach úsáidtear é sa Ghréigis.

(b) Carmen 85 le Catullus

Tá cáil tuillte ag an leathrann seo toisc gur iarracht é an frustrachas a bhaineann le mhothúcháin a bhfuil coinbhleacht eatarthu agus a ghaire is atá an ghráin agus an grá a chur in iúl. Is cosúil gur chuimhnigh Martial (a mhair thart faoi 40-104 AD) ar an leathrann seo nuair a chum sé an t-eipeagram seo faoi dhuine darbh ainm Sabidius:

**Non amo te, Sabidi, nec possum dicere quare.
Hoc tantum possum dicere; non amo te!**

(Leabhar 1 Eipeagram 13)

Tá sé seo againn i mBéarla mar:

*I do not like thee Doctor Fell,
The reason why, I cannot tell,
But this I know, and know full well,
I do not like thee Doctor Fell.*

MEADARACHT: LEATHRANN EILIGIACH.

Línte:

1. **quare id faciam:** nath gnáthchainte in áit **quare oderim et amem.**

2. **excrucior**: Focal coitianta é i bprós agus véarsaíocht ó am Phlátas ar aghaidh. Cuireann Catullus beatha nua sa seantearma drámatúil seo leis an áit fheiceálach a dtugann sé dó.

Óivid

In 43 RC – an bhliain ar cuireadh Cicearó chun báis agus ar chuir an bheirt chonsal tús leis an gcogadh nimhneach cathartha a lean bás Chaesair – rugadh Publius Ovidius Naso i Sulmo in Umbria, baile atá 90 míle soir ón Róimh. Bhí a athair ina bhall d’ord na *Equites*, bhí sé saibhir agus ba mhian leis go ndéanfadh Óivid staidéar ar reitric chun go bhféadfadh sé dul leis an bpolaíocht nó leis an dlí. Ach níor mhian le hÓivid dul chun chinn sa pholaíocht agus ó bhí bua na véarsaíochta aige a bhí beagnach míorúilteach, cuireadh deireadh le hionchas a athar. Insionn Óivid dúinn i ndán dírbheathaisnéiseach:

quod temptabam scribere, versus erat

Cibé rud a ndearna mé iarracht a scríobh thiontaigh sé ina véarsa.

– is é sin le rá, gur mhaigh sé gur file ó dhúchas a bhí ann. Ba ghearr gur bhain a chéad saothar *Amores* áit amach dó mar cheann de príomhfhillí na Róimhe agus chaith sé an chuid eile dá shaol ag scríobh filíochta. Phós sé trí huair. Bhí a thríú bean chéile an-dílis dó agus sheas sí leis nuair a chaill sé fabhar an Impire Ágastas.

Ba bheag dán grá le hÓivid a shásaigh na leasuithe morálta ba mhian leis an Impire Ágastas a thabhairt isteach. Bhí rún ag Ágastas cobhsaíocht shaol an teaghlaigh Rómhánaigh a chosaint nó a chur ar ais arís. Mheas sé gurbh iad *Pietas* agus neart an teaghlaigh a chuidigh go mór le fás chumhacht na Róimhe agus mheas sé gur mhór an trua é gur baineadh an bonn de shaol an teaghlaigh i rith na dtréimhsí fada míshuaimhnis agus cogai cathartha. Bhí príomhfhillí eile na linne mar Veirgil agus Horáit sásta glacadh le treoir Ágastas. Maidir le hÓivid, áfach, ní hamháin gur theip air aird a tharraingt ar bhuanann an tseansaoil Rómhánaigh, ach bhí poiblíocht tugtha aige ina dhánta grá do mhodh maireachtála a bhí glan i gcoinne an chineáil saoil a theastaigh ón Impire. Díreach nuair a bhí Óivid ag críochnú an tséú leabhar de na *Fasti* sa bhliain 8 AD, bhuaill buille na tubaiste é – d’eisigh Ágastas forógra á dhíbirt go baile beag cois teorann ar bhruach na Mara Duibhe. Tomi a thugtaí ar an áit an tráth sin ach Constanza (sa Rómáin) a thugtar air inniu.

Luaigh Óivid dhá chúis a bhí lena chur ar deoraíocht: dán a scríobh sé (*Ars Amatoria*, is dócha, ar dúradh faoi go raibh drochthionchar morálta agus sóisialta aige); agus earráid éigin nár mhíneadh sé. Níl a fhios againn cad a tharla ach b’fhéidir go raibh eachtra mhídhiscréideach aige le Julia, gariníon Ágastas a cuireadh ar deoraíocht thart faoin am céanna. Ní raibh aon dul siar ar bhreith an Impire agus fuair Óivid bás in Tomi sa bhliain 18 AD.

Mar sin, fuair Óivid bás gan leabhair, gan cairde léanta, gan fiú cainteoir maith Laidine lena bhféadfadh sé labhairt, agus gan aige ach cuimhní an tsaoil bhreá a bhíodh aige sa Róimh. Cuirtear an rud a tharla dó i gcomparáid lena tharla d’Oscar Wilde (1854 – 1900) sa ré Vichteoiriach. Ach tá moladh tuilte aige toisc gur lean sé air ag scríobh filíochta go bhfuair sé bás. Ghlac sé lena raibh tarlaithe dó faoi dheireadh agus chuir sé spéis níos mó i gcúrsaí Tomi. D’fhoghlaim sé teanga na háite agus, ó ba Óivid é, thosaigh sé ag scríobh filíochta sa teanga sin chomh maith.

Tá íoróin mhíllteach le feiceáil i saol Óivid. Ba iad na gnáthshaighdiúirí Rómhánacha a raibh saol crua, smachtaithe caite acu ar imill na hImpireachta ba chúis leis an saibhreas agus leis an tslándáil sin ar bhain Óivid agus a chairde taitneamh astu sa Róimh. Is sna deich mbliana deireanacha dá

shaol a thuig Óivid an praghas a bhí íoctha ag na saighdiúirí le go bhféadfadh daoine mar é a leithéid de shó a bheith acu.

Bhí Óivid cinnte de go mairfeadh a chuid scríbhinní go deo. Rugadh é in Sulmo, áit a bhfuil baile Sulmona inniu, agus tá dealbh de i gcearnóg láir an bhaile agus inscríbhinn faoi a deir:

Paelignae dicar gloria gentis ego
Tabharfar ábhar bróid na bPaelignach orm

agus is iad ceannlitreacha an nath a chum sé **Sulmo mihi patria est** (Is é Sulmo m'áit dúchais) SMPE atá mar mhana an bhaile. Thugtaí Múinteoir an Ghrá air i rith na Meánaoiseanna agus ba é Óivid an file Romhánach ba mhó a raibh tóir ar a shaothair le linn na hAthbheochana Léinn.

Filíocht Óivid

Is iomaí saothar a scríobh Óivid ach is furasta iad a roinnt sna trí phríomhghrúpa seo a leanas:

(i) Dánta Grá – is sna trí shaothar *Amores*, *Heroides* agus *Ars Amatoria*, a críochnaíodh roimh an mbliain 2 AD atá an chuid is mó díobh. Tá na dánta sin deisbhéalach, siamsúil agus sofaisticiúil. Deirtear go léiríonn siad an-tuiscint ar aigne na mban, agus cé go léiríonn Óivid trua do na daoine a bhfuil anailís á déanamh aige ar a n-aigne, míníonn sé dá léitheoirí conas tairbhe a bhaint astu sa chaoi go measaimid uaireanta nach raibh croí ar bith ann ag an tráth seo dá ghairm bheatha. Is éard atá sna *Heroides* ná dánta grá i bhfoirm litreacha atá in ainm is a bheith scríofa i bhfoirm véarsaí chuig a leannáin nó chuig a bhfir chéile ag banlaochra éagsúla na bhfinscéalta.

(ii) Filíocht Mhiotaseolaíoch – scríofa idir 2 AD agus 8 AD ina bhfuil na saothair seo a leanas:

(a) *Metamorphoses* – ba é seo an saothar ba mhó a scríobh Óivid agus an saothar ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar dhaoine. Tá 15 leabhar ann agus is bailiúchán suntasach é de mhiotais na Gréige agus na Róimhe ina ndéantar ‘meiteamorfóis’ nó claochlú ar na carachtair sa chaoi go mbíonn cruth nua ar fad orthu agus go mbíonn siad, mar shampla, mar éin nó mar chrainn. Bíonn sé ag plé leis an tréimhse go léir ó chruthú an domhain síos go dtí go ndéantar ‘meiteamorphósis’ ar Iúil Caesar i ndiaidh a fheallmharaithe agus go dtiontaíonn sé ina réalta eireabaill. Bhí an dán seo ina fhoinsé shaibhir inspioráide d'ealaíontóirí de gach cineál agus chuir sé ábhar ar fáil i gcomhair scéalta, drámaí, ceoldrámaí, pictiúr, dealbh agus dánta eile go dtí an lá atá inniu ann. Lena chois sin is é sin an cuntas is iomláine atá againn ar mhiotaseolaíocht iontach na Gréige agus ar an ábhar sin is taisce ríluachmhar atá ann ón seansaol clasaiceach. Tagann na scéalta ceann i ndiaidh a chéile, agus barr feabhais ar gach aon ceann acu.

(b) *Fasti* – Déanann Óivid iarracht sa saothar seo míniú a thabhairt ar bhunús na bpríomhfhéilte Rómhánacha agus tá leabhar aige i gcomhair gach míosa sa bhliain. Sníomhann Óivid na seanscéalta, na finscéalta agus na féilte éagsúla le chéile, sa chaoi go bhfuil foinsé ríthábhachtach againn maidir le béaloideas, miotaseolaíocht, reiligiún agus nósanna na Rómhánach. Éiríonn leis atmaisféar an tseansaol tuaithe i Latium lena gharráin, a fhuaráin, a dhéithe, a bhéithe coille agus muintir na tíre a athchruthú go hálainn. Theip air an obair seo a chríochnú toisc gur cuireadh é ar deoraíocht.

(iii) Dánta na Deoraíochta

(a) *Tristia* – ina bhfuil 49 caoineadh roinnte i 5 leabhar agus (b) *Epistulae ex Ponto* – ina bhfuil 46 litir i bhfoirm véarsaíochta i 4 leabhar. Is éard atá sa dá shaothar, den chuid is mó, ná tuairiscí faoin

áit ina raibh sé ar deoraíocht agus pléadálacha truamhéalacha go ndéanfaí é a thabhairt ar ais chun na Róimhe. Tá siad lán de dhúlagar agus d'fhéin-trua. Tá cur síos tochtmhar ann ar an oíche dheireanach a chaith sé sa Róimh agus ar na pléisiúir shofaisticiúla a bhí air a fhágáil go deo; tá dírbheathaisnéis chorráitheach ann freisin. Bíonn trua againn don fhíle a bhíodh ag bualadh le mórúaisle na Róimhe agus é anois ar deoraíocht in Tomi agus é ag cur síos ar na geimhrí uafásacha a bhíodh ann, ar ionsaí na mbarbarach trasna na Danóibe reoite agus air féin ina sheanaois ag glacadh a sheala mar fhairtheoir.

10. *Fasti* Óivid Leabhar 3 Línte 215-222, 225-228

Tá cur síos anseo ar an cath deireanach idir na Rómhánaigh agus na Saibínigh a luaitear sna finscéalta is luaithe faoin Róimh. Déanann Livias cur síos i Leabhar I Caibidil 13 dá stair ar Éigniú na mBan Saibíneach a bhí mar chúis leis an gcogaíocht idir na Rómhánaigh agus na Saibínigh.

Cuireann Óivid in iúl don léitheoir (líne 199) go ndéanfaidh sé cur síos ar Éigniú na mBan Saibíneach nuair a thagann sé chomh fada le féile Consus. Bhí dhá fhéile Consus ann (Neiptiún na Equites): an 21 Lúnasa agus an 15 Nollaig. Níl sna *Fasti* atá againn ach blúire den obair a bhí beartaithe ag Óivid agus críochnaíonn sé le mí an Mheithimh.

Dar leis an bhfinscéal ba é Romalas a bunaigh an Róimh agus bíodh is go raibh sí beag bhí ag éirí go breá léi mar chathair. Ach bhí fadhb mhór ag roinnt léi. Ní raibh sa chathair ach fir. Ó ba rud é nach raibh mná céile ag na Rómhánaigh, ní fhéadfaidís a bheith ag súil go mbeadh sliocht ina ndiaidh a mbeadh a sloinnte orthu. Chuir Romalas toscairí chuig na cathracha in aice láimhe ag iarraidh orthu a bheith ina gcomhghuaillithe ag an Róimh agus cead a thabhairt do na Rómhánaigh a n-iníonacha a phósadh. Ní raibh rath ar bith ar obair na dtoscairí. Dá bhrí sin cheap Romalas plean eile. Shocraigh sé go mbeadh féile mhór acu in ómós do Neiptiún agus tugadh cuireadh do gach duine ó na cathracha sa chomharsanacht teacht. Rinne sé deimhin de go raibh a fhios acu faoi na hullmhúcháin ollmhóra a rinneadh i gcomhair na féile chun go mbeadh fonn orthu go léir teacht.

Bhí an Róimh dubh an lá sin leis na sluaite ollmhóra, go mór mór muintir na Saibíneach, a tháinig chun an chathair a fheiceáil. Tugadh ar cuairt iad timpeall na cathrach agus d'fhreastail siad ar chóisirí sna tithe agus ansin tugadh cuireadh dóibh dul chuig an bhfáinneán áit a raibh an seó ar tí tosú. Ach tugadh comhartha agus go tobann phreab na Rómhánaigh chun gnímh. Rith na fir óga i measc an lucht féachana, ghabh siad na cailíní inphósta agus d'iompar siad leo iad. Bhí rí rá ann. Theith na Saibínigh leo agus scaoll orthu agus iad ag gealladh go mbainfidís sásamh as na Rómhánaigh de bharr an fhíll a bhí déanta acu. Bhí na cailíní trína chéile ar dtús ach chaith na Rómhánaigh go cneasta leo agus thoiligh siad faoi dheireadh iad a phósadh agus bheith ina saoránaigh Rómhánacha.

Bhí sé ar intinn ag an gcuid eile de na Saibínigh – n-aithreacha, a máithreacha agus a ndeartháireacha – díoltas a imirt ar na Rómhánaigh de bharr an bhirt dhofhulaingthe a bhí déanta acu. Bhí cogaíocht ar siúl ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin idir na Rómhánaigh agus na Saibínigh go dtí an t-eachtra a bhfuil cur síos air in Dán 10. Bhí na cailíní Saibíneacha a fuadaíodh ina máithreacha faoin am sin agus leanaí Rómhánacha acu, agus tháinig siad idir a n-athair agus a bhfear céile ag tús catha chun síocháin a dhéanamh eatarthu.

Phéinteáil David pictiúr ag léiriú cad a tharla (féach Aguisín 3) agus tá go leor de na sonraí a luaigh Óivid le feiceáil ann: na mná ag iompar a gcuid leanaí ag teacht idir an dá arm; mná ag scaoileadh a gcuid gruaige agus iad ar a nglúine ar an talamh; an leanbh ag síneadh amach a dhá lámh (bíodh is gur cosúil go bhfuil sé á dhéanamh le teann eagla seachas le **blando clamore**); na

sciatha fós in eagar catha ach a mbeidh in úsáid ag na seanaitheacha Saibíneacha chun a ngaríníonacha agus a ngarmhic a iompar – **hic scuti dulcior usus erat** – úsáid ‘níos cneasta’ a bheadh ann ná an nós a bhíodh acu laoch marbh a iompar abhaile ar a sciath lena adhlacadh.

MEADARACHT: LEATHRANN EILIGIACH

Línte:

1. **ferro mortique**: tá siad sa tuiseal tabharthach de bharr **paratae** ‘ullmhaithe chuig’.
2. **daturus erat**: ‘a bhí ar tí a thabhairt’.
- 3.4 **veniunt, tenent**: úsáidtear modh táscach na mbunsaimsirí i ndiaidh **cum**.
5. **tetigere** in áit **tetigerunt**: An 3ú pearsa iolra foirfe táscach gníomhach de **tango,-ere, tetigi, tactum**.
passis...capillis: an t-ochslaíoch leithliseach.
6. **procubere: procubuerunt**: An 3ú pearsa iolra foirfe táscach gníomhach de **procumbo,-ere,-cubui, – cubitum**.
posito genu: an t-ochslaíoch leithliseach.
7. **quasi sentirent**: leanann clásal comparáide **quasi** nuair is comparáid shamhlaithe nó hipitéiseach atá ann. Dá bhrí sin úsáidtear an modh foshuiteach (féach North & Hillard, Ich 178) – ‘amhail is dar thuig siad’
blando clamore: an t-ochslaíoch modha.
9. **gladiisque remotis**: an t-ochslaíoch leithliseach.
11. **scuto**: ochslaíoch áite gan réamhfhocail in áit **in scuto** faoi mar a scríobhtar go minic san fhilíocht.

11: Óivid: Fasti Leabhar 2 Línte 687-698

MEADARACHT: LEATHRANN EILIGIACH

Ba é Tarquinius Superbus, nó Tarquinius an Díomais seachtú Rí na Róimhe agus an Rí deireanach a bhí orthu. (Féach Livias: *Stair na Luath-Róimhe* Leabhar 1,50 ff.) Éatrúscach ab ea Tarquinius agus mheasadar mar sin go mb’eachtrannach é. Bhí air a chumhacht a bhuanú trí na pobail in aice láimhe a thabhairt faoina smacht trí bhearta taidhleoireachta nó le láimh láidir. Insíonn Livias dúinn: ‘Bhí sé (Tarquinius) i mbun cogáíochta an chéad uair eile le baile Gabii a bhí gar dóibh. Bhí an dul chun cinn níos moille an uair seo ná mar a bhí sé ag súil leis: theip ar an ionsaí; theip ar an léigear a rinneadh ina dhiaidh sin, agus nuair a b’éigean dó cúlú bhí air leas a bhaint faoi dheireadh as cealg agus feall – modhanna náireacha nár chleacht na Romhánaigh riamh.’

Chuir sé a mhac ab óige Sextus go baile Gabii chun go mbeadh iontaoibh ag na daoine as agus go bhfanfadh sé le treoracha a fháil.

Línte:

4. **Gabios: Gabii,-orum**, an firinsneach iolra – cathair Gabii i Latium (Féach Pompeii).
5. **proles**: baininsneach.
Superbi: Ba é ‘**Superbus**’ **cognomen** (forainm) Tarquinius.
7. **nuderant** in áit **nudaverant**.
8. **cupiant**: an modh foshuiteach láithreach – ‘a bheadh ag teastáil uathu’.
- 9 **terga**: neodrach iolra – aistrigh san uimhir uatha.
10. **dicere ut hoc posset: ut** leis an modh foshuiteach i gclásal cuspóra.
12. **deducta veste**: an t-ochslaíoch leithliseach.

Tabhair faoi deara scil Óivid mar scéalaí agus an cumas atá aige cur síos a dhéanamh. Cuireann sé a lán eolais ar fáil i mbeagán focal, mar shampla sa dá líne dheireanacha.

Ba cheart na daltaí a spreagadh chun cuimhneamh ar leagan nua-aimseartha de **proles manifesta Superbi** (m.sh. rud éigin mar na seanfhocail “Cad é a dhéanfadh mac an chait ach luch a mharú”, “Briseann an dúchas trí shúile an chait” nó ‘like father like son’ an Bhéarla).

Tá cur síos in *Fasti* Leabhar 2 ar mhí Feabhra agus tá an sliocht seo ag déileáil le féile ar a dtugtar an **Refugium** (An Teitheadh Ríoga), ina ndéantaí ceiliúradh ar dhíbirt Tarquinius ar an séú lá ó dheireadh na míosa (24 Feabhra).

D’fhéadfadh daltaí a bheith fiosrach ag iarraidh a fháil amach cad a tharla ansin. Nuair a bhí iontaoibh ag muintir Gabii as Sextus chuir sé teachtaire le fiafraí dá athair cad é an chéad rud eile a bhí le déanamh aige. Ní dúirt Tarquinius dada ach shiúil sé timpeall a ghairdín ag baint na gcloigne lena bhata de na poipíní ab airde. Ba é an chiall a bhain Sextus as mar teachtaireacht ná go mba chóir dó na fir ba mhó in Gabii a mharú. (Féach an próis oiriúnaithe neamhfheicthe ar leathanach 22 in *Exploranda* le W.M. Wilson, arna fhoilsiú ag Macmillan).

Déan comparáid idir é agus scéalta eile ina n-úsáidtear feall chun cuspóir míleata a bhaint amach. I measc na samplaí tá Capall Adhmaid na Traí agus an scéal i Leabhar Staire Heireadótais 3.154: Bhí léigear suite ag Dáirias, rí na Peirse, ar chathair na Bablóine ar feadh fiche mí ach gan rath ar bith ar an obair. Rinne Peirseach uasal, Zopyrus, é féin a mhilleadh agus theith sé chuig na Bablónaigh ag rá gurbh é Darius a rinne é. Chuir siad a muinín ann agus ansin bhraith sé iad. I Leabhar Staire Heireadótais 5.92 ghearr Thrasylbulus na diasa ab airde den arbhar mar chomhartha do Periander na Corainte na daoine ba thábhachtaí sa chathair a mharú.

Bhain Livias agus Óivid araon leas as stair, finscéalta agus nósanna le húdar a thabhairt d’Impireacht na Róimhe agus cur lena glóire. Bhí sé sin ag teacht leis an athbheochan a bhí Ágastas ag iarraidh a dhéanamh ar na seanluacha morálta, agus léirigh siad an chaoi ar éirigh le

cathair bheag fás go dtí gurbh í an Impireacht ba mhó ar domhan í. Conas a bhreathnófaí ar an eachtra seo ó thaobh na moráltachta de sa lá atá inniu ann? An bhfuil gach ní ceart agus cóir i gcúrsaí grá agus cogaidh? Mheas na Rómhánaigh go mba náireach iad feall agus calaois agus nár rudaí iad a dhéanfadh Rómhánaigh.

Molann Livias Tarquinius i Leabhar 1 as a chuid clár mór tógála lena n-áirítear tógáil Theampall Iúpatair, cisil suíochán a chur san fháinneán, agus tochailt an tSéaraigh Mhóir, an **Cloaca Maxima**.

Nuair a d'éignigh Sextus Tarquinius Lucretia, chuir sé sin dlús leis an éirí amach i gcoinne a athar Tarquinius. Theith Sextus leis go dtí Gabii áit a raibh a lán naimhde aige de bharr na rudaí a bhí déanta aige ansin cheana agus feallmharaíodh é. Chuaigh Tarquinius ar deoraíocht in Etruria. Rialaítí an Róimh as sin amach mar phoblacht agus bhíodh bheirt chonsal i gceannas. Bhí eagla ar na Rómhánaigh i gcónaí rí a bheith i gceannas orthu. Bhí drochmheas acu ar ríthe ina dhiaidh sin mar mheas siad go raibh siad suarach agus barbarach. Bhí na huathlathaithe a rialaigh ó aimsir Ágastas an-chúramach impirí a thabhairt orthu féin seachas ríthe.

12 agus 13: Fasti Óivid 11 Línte 223-234, 235-242

Réamhrá:

Deir Óivid gurbh é an 15ú Feabhra an lá ar ar maraíodh trí chéad agus seisear ball de mhuintir Fabian ar bhlár an chatha.

Bhí na Rómhánaigh ag fearadh cogaidh in aghaidh na cathrach Éatrúscaí, Veii, ach ní raibh ag éirí leo. Bhí na Fabii ar cheann de na clanna ba chumhachtaí sa Róimh agus gheall siad go leanfaidís ar aghaidh leis an gcogadh ina n-aonar. Thóg siad campa ar bhruach an tsrutha Cremera in aice Veii, agus sheas siad an fód ann ar feadh 2 bhliain. Ach rinneadh luíochán orthu in in 477 RC agus maraíodh an trí chéad agus seisear díobh. (Féach Livias Leabhar 2, 48 – 50). Níor tháinig ach duine amháin den chlann slán agus ba bhuachaill é sin a measadh go raibh sé ró-óg le dul ag troid. Ba é Quintus Fabius Maximus Cunctator an duine ba cháiliúla de shliocht an bhuachalla sin. Shábháil sé siúd an Róimh leis an bhfeachtas moilleadóireachta a bhí aige tar éis do Hannabal cath millteach a bhriseadh orthu ag Loch Trasimene le linn an Dara Cogadh Púnach. Luaigh Óivid an tuairim gur de shliocht Earcail iad na Fabii agus go ndearna na déithe idirghabháil le cinntiú go mairfeadh an chlann.

Tá tagairt déanta i línte tosaigh na coda seo 193-6 do chomóradh an tsléachta a tharla ar Íodh Feabhra:

**Idibus agrestis fumant altaria Fauni
hie, ubi discretas insula rumpit aquas.
haec fuit ilia dies, in qua Veientibus armis.
ter centum Fabii ter cecidere duo.**

*On the Ides the altars of rustic Faunus smoke,
There where the island breaks the parted waters.
This was the day on which three hundred and six of the
Fabii fell by Veientine arms. (aistriúchán Loeb)*

Is é an t-oileán ar an Tibir an **insula sacra** dá dtagraítear anseo. Bhíodh teampall in onóir do Faunus ann mar aon le teampall Iúpatair agus Aescaláipias. Tagraíonn an file chomh maith, i líne

201, don traidisiún go ndeachaigh na Fabii amach as an Róimh trí áirse na lámhe deise de gheata Carmental agus tar éis na tragóide measadh go raibh an mí-ádh ar an ngeata agus tugadh **via scelerata** nó **infelix** ar an mbealach sin.

12: Fasti Óivid II Línte 223-234

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

3. **male creditur hosti:** leanann an tabharthach **credo** agus tá sé in úsáid go neamhphearsanta (mar bhriathar saor) anseo.
5. Tabhair faoi deara an chodarsnacht idir **fraude** agus **virtus**. Bhíodh na Rómhánaigh bródúil astu féin toisc iad a bheith oscailte agus díreach faoi gach rud (lena n-áirítear cogadh) agus bhíodh drochmheas acu ar chleasaíocht agus ar chalaouis.
7. **quid fadant:** an modh foshuiteach i gceist reitriciúil.
9. **silvis Laurentibus:** Baile i Latium ab ea **Laurentum** agus ceapadh gurbh é sin áit chónaithe na ríthe fadó. Bhí clú air de bharr a phóir collach.

13: Fasti Óivid II Línte 235-242

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

1. **dies,-ei:** baininsneach anseo.
- 1,2. Tabhair faoi deara an chaoi a luaitear an tragóid go léir idir **una dies** ag tosach na céad líne agus **una dies** ag deireadh na dara líne.
- 3,4. Tagraíonn na línte seo don tuairim go ndearna na déithe idirghabháil le cinntiú go mairfeadh clann Fabii. (Féach an Réamhrá).
7. **posses:** an modh foshuiteach i gelásal cuspóra.
8. **res: respublica.**

cunctando: an geireann, an tuiséal ochslaíoch.

cui: ‘trína’ nó ‘trínar’ (*‘by whom’* i mBéarla), tabharthach gníomhaí: agus an ngeireannach **restituenda** leis.

foret: esset.

14, 15, 16, 17: Fasti Óivid Leabhar 4 Línte 425-544

Réamhrá

Bhí rún ag Véineas, bandia an ghrá, gach créatúr idir dhiaga agus dhaonna a chur faoina smacht. Thug sí ordú mar sin dá mac Cúipid an ga ba ghéire dá raibh aige a scaoileadh le Plútón, dia an domhain thíos, sa chaoi go mbeadh sé glan as a mheabhair le gean do Proserpine (Persephone i nGréigis), iníon óg neamhurchóideach Ceres, bandia na torthúlachta agus an fháis.

Chonaic Plútón an cailín agus thóg sé leis í go ríocht na marbh. Idir an dá linn, chuardaigh a máthair cráite an domhan go léir ar lorg a páiste dhil go dtí gur tháinig sí chun na Sicile agus chonaic an beilt ó ionar Proserpine ar snámh ar uachtar locha. Ní raibh a fhios aici fós cá raibh a hiníon agus bhí a leithéid d'fhearg agus d'fhuistrachas uirthi gur chuir sí a mallacht ar an domhan agus theip ar na fómhair. Ba ghearr go raibh daoine ag fáil bháis den ocra.

Faoi dheireadh d'inis Arethusa, abhainn a ritheann cuid dá bealach thíos faoin domhan, do Ceres go raibh Proserpine sa domhan thíos agus í ag rialú ann mar banríon agus mar chéile Phlútóin. Chuaigh Ceres go díreach chuig Iúpatar agus d'éiligh sí go dtabharfadh Plútón a hiníon ar ais chuici. Thoiligh Plútón chuige sin ar choinníoll nach mbeadh aon chuid de bhia Háidéis blaiste ag Proserpine.

Ar an drochuair bhí roinnt síolta pomagránaite ite ag Proserpine i ngan fhios di féin i ngairdíní Phlútóin agus mar sin, ar ordú na bhFáithe, ní fhéadfadh sí an domhan thíos a fhágáil go hiomlán. Bhí sí faoi smacht a haoi de bharr cuid dá bhia a ithe. Is tuairim é sin atá coitianta sna miotais.

Bhí réiteach na faidhbe ag Iúpatar, áfach, agus roinn sé an bhliain ina dá leath. Caitheann Proserpine leath na bliana lena máthair agus an leath eile lena fear céile.

14. Fasti Óivid Leabhar 4 Línte 425-26, 429-33, 441-46

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

2. **sua prata:** tharla an fuadach sa tSicil.
4. **dissimili:** 'de chineálacha éagsúla'.
8. tabhair faoi deara na bláthanna a roghnaigh Óivid le haghaidh Persephone agus na dathanna a bhí orthu.
9. **itur:** briathar saor na faí céasta de **ire** 'chuaigh sí'.
11. tabhair faoi deara conas a éiríonn le hÓivid gluaiseacht mhear a chur in iúl sna chéad cheithre fhocal.
patruus: Deartháir Ceres ab ea Plútón.

15: Fasti Óivid Leabhar 4 Línte 502-3, 505-6, 511-14

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

1. **venit:** an aimsir láithreach stairiúil. Cleas é seo a úsáidtear go coitianta sa scéalaíocht.
3. **multis diebus:** Bheadh an tuiseal áinsíoch in úsáid de ghnáth chun fad ama a chur in iúl.
7. **ait: inquit** ‘dúirt’.

16: Fasti Óivid Leabhar 4 Línte 519-30

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

1. **eas:** an modh foshuiteach i gcomhair guí.
2. **quanto:** an t-ochslaíoch tomhais. Is féidir é a aistriú go Béarla mar ‘by how much’ ach ní luífeadh aistriúchán mar sin go réidh le dul na Gaeilge. D’fheadfaí an líne a aistriú mar ‘Mo bhrón, nach fearr go mór an chinniúint atá agatsa ná an chinniúint atá agamsa!’
sorte mea: an t-ochslaíoch comparáide.
3. **deorum:** ginideach tréithe **neque enim lacrimare deorum est** ‘ní de nádúr na ndéithe é deora a shileadh’. Tagairt bheag mheonúil é seo den sórt a dhéanann Óivid go minic. Cinntíonn sé nach bhfuil an t-atmaisféar róthragóideach ar fad.
6. **fuere: fuerunt.**
9. **qua:** ‘conas’, ‘cén chaoi’.
11. **comiti: Ceres.**
12. tá na briathra anseo sa mhodh foshuiteach toisc gur ceist indíreach atá ann.

17: Fasti Óivid Leabhar 4 Línte 537-44

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

3. **matre salutata:** an t-ochslaíoch leithliseach.
4. **suo:** cuir isteach ‘aon’.
5. **pallor abit:** Sampla maith é seo den scil atá ag Óivid mar scéalaí. Tagann na himeachtaí go te tapa i ndiaidh a chéile.

18 agus 19: Fasti Óivid 2 Línte 83-86, 93-96; 97-100, 103-106, 111-116

Réamhrá

File liriceach ón Choraint ab ea Arion a raibh clú agus cáil air, ach is san Iodáil agus sa tSicil a d'éirigh leis airgead a charnadh. Tá cur síos ag Heireadótas ar a fhilleadh ar an nGréig i Leabhar 1, caibidil 24 dá *Staireanna*. D'fhéadfadh Arion fiú ainmhithe a mhealladh le háilleacht a chuid ceoil agus amhrán. Tar éis dó clú a bhaint amach agus mórchuid airgid a charnadh sa tSicil agus san Iodáil, chuaigh sé ar bord loinge le seoladh abhaile go dtí an Choraint. Shantaigh an fhoireann a chuid saibhris agus d'ionsaigh siad é. D'impigh sé orthu cead a thabhairt dó fonn deireanach a sheinm, chuir sé fleasc ar a cheann agus léim sé isteach san fharraige. Deirtear go raibh deilf ag snámh an bealach sin is gur tharrtháil sí é.

18. Fasti Óivid Leabhar 2 Línte 83-86, 93-96

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

1. **Ariona**: An tuiseal áinsíoch Gréigise de Arion.

5. **Arionium**: in úsáid mar aidiacht anseo.

Siculas... urbes: 'Cathracha Sicileacha' nó cathracha na Sicile.

domum: Bhí Arion ag filleadh abhaile ar an gCoraint ón Iodáil agus ón tSicil.

7. **repetens**: 'ag imeacht i dtreo a bhaile arís'.

19: Fasti Óivid Leabhar 2 Línte 97-100, 103-106, 111-116

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Insíonn Óivid scéal Arion le míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-éiríonn réaltbhuíon na Deilfe ar an tríú lá i ndiaidh Nóin Feabhra. **Seu fuit occultis felix in amoribus index, Lesbida cum domino seu tulit ille lyram.** '(Tógadh é (an deilf) suas chun na flathis toisc go raibh an t-ádh leis mar idirghabhálaí i rúin an ghrá, nó toisc gur iompar sé lir Lesbos agus máistir na lire (.i. Arion).' (bunaithe ar aistriúchán Béarla le Loeb). Labhraíonn an file go díreach le hArion sa chéad dá líne agus ansin insíonn sé an scéal ag tagairt dó sa tríú pearsa. D'fhéadfadh daltaí machnamh a dhéanamh ar an éifeacht atá aige nuair a labhraíonn sé leis sa chéad pearsa.

Línte:

2. **nave tua**: an t-ochslaíoch comparáide.

3. **constitit**: 'sheas sé'.
destricto ense: an t-ochslaíoch leithliseach.
4. **conscia turba**: 'an bhuíon a bhí i mbun comhcheilge'.
armata ... manu: '(a raibh) airm ina lámha acu'.
5. **metu vacuus**: tá **metu pavidus** 'ag crith le heagla' le fáil i leagan eile. Cé acu is éifeachtaí? Cothaíonn an file comhbhá ionainn le hArion trí labhairt go díreach leis sa chéad dá líne agus nuair a chuireann sé an chaint dhíreach seo ina bhéal.
6. **sumpta lyra**: an t-ochslaíoch leithliseach: 'agus mo lir glactha suas agam'.
7. Tugann abairtí gearra cur síos achomair dúinn ar ar tharla.
8. **Phoebe**: Ba é Phoebus (Apalló) dia an cheoil agus na filíochta. Féach an chaoi a labhraíonn an file go díreach leis an dia. Bealach é sin chun Arion a mholadh trína rá go n-oirfeadh an fleasc a bhí air do ghruaig dhia an cheoil.
9. Tabhair faoi deara an chaoi a bhfuil na focail faoi na tonnta – **in medias... undas** – mórthimpeall na bhfocal ag cur síos ar Arion **-ornatus desilit** – rud a dhéanann aithris ar an gcaoi ar léim Arion isteach san fharraige agus go raibh na tonnta mórthimpeall air.
10. **impulsa aqua**: ochslaíoch: 'leis an steall uisce'.
11. **fide maius** 'tá sé dochreidte'. Baineann Óivid an bonn díobh siúd a déarfadh go bhfuil an scéal dochreidte agus ag an am céanna leagann sé béim ar a iontaí is atá sé.
12. **memorant**: 'deir siad' nó 'deirtear' – sa chás seo freisin ní dhearbhaíonn an file an scéal atá á insint aige.
delphina: áinsíoch uatha.
oneri novo: 'd'ualach de meáchain nua (neamhghnáthach)'.
13. **pretiumque vehendi** (cantat): 'd'íoc sé a táille (le hamhrán)'.

Féach ar litir Phlinias (1 x 33) chun scéal eile faoi dheilf a léamh. Tá an scéal curtha oiriúint in *A New Approach to Latin*, Leabhar I, lch 191, "Death of a dolphin" agus in *Ecce Romani* Leabhar V, lch 155 'The Boy and the Dolphin'. D'fhéadfaí comparáid a dhéanamh freisin le Fungi i mBá an Daingin.

20 agus 21 Heroides Óivid Uimh. 14 Línte 33-50

Réamhrá

De shliocht Io iad Danaus agus Aegyptus. Tharla achrann eatarthu agus theith Danaus ón Éigipt in éineacht lena leathchéad iníon dá bharr. Tháinig sé go dtí an chathair Ghréagach Argas áit a ndearnadh rí de. Lean leathchéad mac Aegyptus iníonacha Danaus, áfach, agus é ar intinn acu iad a phósadh. Cuireadh iallach ar Danaus toiliú do na póstaí, ach d'ordaigh sé dá chuid iníonacha a bhfear céile a shá oíche a bpósta. Rinne siad go léir mar a d'ordaigh sé ach amháin Hypermnestra a spáráil a fear céile Lynceus. Nuair a chuaigh na mná a mharaigh a bhfear céile go Háidéas ar ball daoradh iad chun uisce a iompar i gerúscaí a raibh poill iontu.

20: Heroides Óivid Uimh. 14, Línte 33-41

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

2. **Argos:** B'ionann Argas i ndánta Hóiméar agus machaire uile Argolis, agus na sléibhte ó thuaidh agus an mhuir ó dheas mar theorainneacha leis. Bhí Mícéine agus Tiryns suite ann.
3. **morientum:** ginideach iolra den rangabháil láithreach.
videri: san fhaí chéasta 'chonacthas' nó 'ba dhealraitheach' srl. ('to seem' an Bhéarla)
4. **audieram: audiveram.**
5. **abit..relinquit:** tiontaíonn sé go dtí an aimsir láithreach anseo, aimsir a dtugtar an aimsir láithreach stairiúil uirthi, chun an teannas a mhéadú.
7. **Zephyro:** Pearsanú a rinneadh ar an ngaoth aniar i miotaseolaíocht na nGréagach ab ea Zephyrus.
- 7,8. **ut:** tagann tásach ina dhiaidh anseo. Dá bhrí sin ciallaíonn sé 'mar' nó 'ar nós'.

21: Heroides Óivid Uimh. 14 Línte 41-50

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

2. **plena soporis**: is éard is ciall liteartha leis ná 'lán de chodladh'.
3. **excussere**: leagan fileata de **excusserunt**.
4. **erigor....capiro**: an aimsir láithreach stairiúil.
6. **sublato.....ense**: an t-ochsلاíoch leithliseach ag baint leas as rangabháil chaite de **tollere**.
7. **(sine me tibi vera fateri)**:

Caint ar leataoibh atá anseo a chuireann le réalachas na hinste.
9. **crudelibus ausis**: tabharthach tar éis **obsto**.

22: Heroides Óivid Uimh. 18 Línte 55-64

Tá scéal Hero agus Leander cosúil le scéal Romeo agus Juliet sa mhéad is gur scéal grá é ina ndéanann an bheirt acu iarracht na teorainneacha a shárú agus go dteipeann go tragóideach orthu.

Bansagart óg álainn í Hero a bhí ina cónaí in Sestus ar bhruach thuaidh an Heilléaspontas ar a dtugtar an Dardainéil inniu. Bhuail sí le fear óg darb ainm Leander ó Abydos ar an mbruach theas agus thug siad grá a n-anama dá chéile. Bhí dhá constaic le sárú acu: bhí sruth leathan marfach ag rith idir an dá bhruach agus bhí na tuismitheoirí glan in aghaidh aon chumann a bheith eatarthu. Cheap an bheirt acu seift – shnámhfhadh Leander an caolas san oíche, agus rachadh Hero go túr ard agus threoródh sí chuici é trí thóirse lasta a choinneáil in airde.

I sliocht 22 insíonn Leander dúinn an chaoi ar shnámh sé trasna an chaolais agus é ag impí ar an nGealach agus é ag snámh cabhrú leis an turas a dhéanamh.

Bhí críoch tragóideach ar scéal Hero agus Leander. Bhí stoirm mhillteach ann oíche amháin ach bheartaigh Leander déanamh mar a bhí socruithe acu agus bád é. Ansin chaith Hero í féin anuas ón túr ard agus cailleadh í.

Shnámh an file Rómánsúil an Tiarna Byron an Heilléaspontas go luath sa 19ú haois mar aithris ar Leander.

Ba cheart do dhaltáí léarscáil a úsáid le fáil amach cá bhfuil an Heilléaspontas, Sestus agus Abydos.

Aoire álainn óg ab ea Endymion (féach líne 9) a raibh bua na síoróige aige, rud a choinnigh sé trí fanacht ina chodladh ar feadh tréimhsí fada. Chonaic Diana, bandia na gealaí, ina chodladh é ar Shliabh Latmos san Áise Bheag agus thit sí i ngrá leis. Chaitheadh sí an oíche ag stánadh air agus é ina chodladh. Tugann leagan eile le tuiscint gur cuireadh codladh buan ar Endymion le go bhféadfadh sí teacht anuas gach oíche lena fháisceadh chuici.

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

1. **meminisse**: infinid fhoirfe in áit na haimsire láithrí (briathar uireasach).
2. **cum** + táscach: 'nuair'.
5. **eunti**: an tuiseal tabharthach uatha de ranghabháil láithreach eo, ire.
6. **comes**: inscne choiteann ach baininscneach anseo.
7. **faveas, subeant**: an modh foshuiteach ordaitheach.
9. Endymion: Ós rud é gur thug Diana grá do Endymion bheadh fonn uirthi cabhrú leo siúd a thugann fíorghrá dá chéile.

Léirítear atmaisféar na hoíche go soiléir sa dán. D'fhéadfaí na daltaí a spreagadh chun na focail a roghnú is mó a chuireann le cruthú na héifeachta seo dar leo.

23-27 Metamorphoses Óivid Leabhar 8. Línte 183-235

Daedalus agus Icarus

De réir an tseanchais seo fear ón Aithin ab ea Daedalus a raibh cáil air de bharr na scile a bhí aige mar dhealbhóir, mar ailtire agus mar áireagóir. Bhí Daedalus chomh mór sin in éad lena nia gur chaith sé é anuas ó Acrapolas na hAithne é agus gur maraíodh é. Rugadh air, áfach, agus é ag iarraidh an corpán a adhlacadh. Dhaor cúirt na hAithne chun báis é de bharr na coire, agus theith sé leis go Rí Minos sa Chréit. I measc na rudaí eile a rinne Daedalus ar an oileán sin, thóg sé an chathair ghríobháin nó an lúbra inar choimeád Míonós an Míonótár. Arracht a bhí ina leath ina tharbh agus leath ina dhuine ab ea é sin a d'itheadh buachaillí agus cailíní a sheoltaí ón Aithin chuige mar chíos. Ach thug Daedalus leide d'Ariadne, iníon Mhíonóis, faoin gcathair ghríobháin. D'éirigh le Theseus, leannán Ariadne, dul isteach ann, mharaigh sé an Míonótár agus d'éalaigh sé amach arís. D'éalaigh sé féin agus Ariadne ón Chréit ansin. Chuir Míonós Daedalus agus a mhac Icarus faoi ghlas sa chathair ghríobháin dá bharr sin agus stop sé iad ón oileán a fhágáil. Cheap Daedalus sciatháin dó féin agus d'Icarus agus d'éirigh leis an mbeirt acu éalú.

Níor lean Icarus treoracha a athar, áfach, agus d'éitil sé róghar don ghrian. Leáigh an chéir, lena raibh na cleití feistithe dá sciatháin, thit sé agus maraíodh é. Thug na Gréagaigh Muir Icarus ar an áit inar mheas siad gur bádh an buachaill.

23: Metamorphoses Óivid 8 Línte 183-195

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR

Línte:

3. **pelago**: an t-ochsllaíoch uirlise.

4. **obstruat**: an modh foshuiteach láithreach de **obstruo** toisc gur féidir an modh sin teacht i ndiaidh **licet** (1.3) ‘féadfaidh an mhuir agus an talamh a bheith faoi ghlas, ach is cinnte go bhfuil an spéir oscailte’.
5. **possideat**: an modh foshuiteach láithreach de **possideo**, foshuiteach ordaitheach.
aera: Tuiseal áinsíoch na Gréigise.
- 6.7 **Ignotas.. artes** agus **naturam novat**: Tá Daedalus ag cruthú rud nua nach fios dó cén toradh a bheidh air.
8. **breuiore sequenti**: an t-ochslaíoch leithliseach.
10. **disparibus ... avenirs**: an t-ochslaíoch modha.
11. **lino** agus **ceris**: dhá shampla den ochslaíoch uirlise.
12. **parvo curvamine**: an t-ochslaíoch modha.
13. **imitetur**: modh foshuiteach láithreach de **imitor**, toisc é a bheith i gclásal cuspóra ina bhfuil an príomhbhriathar **flectit** (1.12) sa bhunaimsir.

24: Metamorphoses Óivid 8 Línte 195-208

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR

Línte:

2. **ignarus sua se tractare pericla**: ‘agus gan a fhios aige go raibh sé ag láimhseáil na hionstraime a chuirfeadh é féin i mbaol’. Tabhair faoi deara an chaoi ar crapadh **pericula**. Tá tuar an mhí-áidh le sonrú sna focail sin. D’fhéadfadh sé sin a bheith nasctha le **ignotas ... artes** sa sliocht roimhe seo.
3. **ore ridenti**: an t-ochslaíoch modha.
5. **lusuque suo**: an t-ochslaíoch uirlise. Leagann an cur síos seo ar Icarus mar bhuachaill spráúil béim ar a thruamhéalaí is atá an chinniúint atá i ndán dó.
6. **coepto**: an tabharthach uatha de **coeptum**, i ndiaidh an bhriathair **impono** sa chead líne eile. **postquam manus ultima coepto imposita est...** ‘tar éis don dlaoi mhullaigh a bheith curtha ar an tionscadal
9. **curras**: an modh foshuiteach láithreach de **curro** in ordú indíreach i ndiaidh **moneo** (1.10). Tugann Daedalus an chomhairle sin dá mhac a bheimis ag súil leis ó athair ar bith. An gcuireann sé seo le truamhéala an cháis ina bhfuil siad?
11. **gravet, adurat**: modhanna foshuiteacha láithreacha de **gravo** agus de **aduro** faoi seach – toisc iad a bheith i gclásal cuspóra dhiúltaigh.
12. **spectare**: an infinid láithreach de **specto** i ndiaidh **iubeo** (1.13).

Booten: réaltbhuíon thiománaí na ndamh ar a dtugtar *Arctophylax* freisin – i.e. caomhnóir an bhéir. Is í an réalta is gile is atá le feiceáil sa réaltra sin ná *Arcturus*, fairtheoir an bhéir.

13. **Helicen:** *ursa major* nó *Helice*, réaltbhuíon an Béir Mhóir. Tá réaltbhuíon an Chéachta comhdhéanta de sheacht gcinn de réalta de chuid réaltbhuíne an Bhéir Mhóir, na *Septemtriones*.

Orionis: an réaltbhuíon Oiríon, an sealgair lena chlaíomh agus crios a chlaímh, nó an Bodach agus a shlat.

D'fhéadfaí daltaí a spreagadh le féachaint i leabhar réalteolaíochta le fáil amach faoi na trí réaltbhuíon seo.

14. **me duce:** an t-ochslaíoch leithliseach.

25: *Metamorphoses* Óivid 8 Línte 208-216

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR

Línte:

2. **ignotas:** úsáideadh é seo i sliocht 23 **ignotas... artes**.
- humeris:** tabharthach iolra de **humerus**, (fir.) i ndiaidh an bhriathair **accommodo** (1.2).
3. **maduere:** *maduerunt*
4. **tremuere. tremuerunt:** Is féidir na foirmeacha ciorraithe a úsáid ar mhaithe leis an meadaracht ach cabhraíonn siad freisin chun dlús a chur faoin scéal.
- 4,5. **oscula non iterum repetenda:** foghlaimítear go bhfuil an chinniúint socruithe ag na focail thruamhéalacha sin.
- 6-7. Tabhair faoi deara an tsamhail. Ba spéisiúil an rud é a fhiafraí de na daltaí an dóigh leo gur samhail oiriúnach é seo.
8. **sequi:** infinid láithreach de **sequor** in ordú indíreach i ndiaidh **hortatur**.
Dá mba phrós a bheadh ann bheimis ag súil le *ut* + an modh foshuiteach.
- damnosas... artes:** níl siad **ignotas** a thuilleadh.

26: *Metamorphoses* Óivid 8 Línte 217-225

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR

Línte:

1. **dum captat:** Leanann an táscach láithreach **dum** sa chás gur ‘nuair’ an chiall atá leis.

2. **baculo, stiva**: an tuiseal ochslaíoch de **baculum**, agus **stiva**, i ndiaidh **innixus** i líne 2.
3. **possent**: an modh foshuiteach neamhfhoirfe de **possum** i bhfochlásal mar chuid de ráiteas indíreach: **credidit eos, qui aethera carpere possent, deos esse**.
- 4,5. **Iunonia... Samos**: Oileán amach ó chósta na hÁise Bige ab ea Samas, áit a ndéantaí Iúnó a adhradh.
5. **Delos, Paros**: Dhá oileán iad seo ar a dtugtar Dili agus Paros inniú. Cuid den grúpa oileán sa Mhuir Aeigéach ar a dtugtar na Cyclades is ea iad.
6. **Lebynthos**: Ceann d'Oileáin Sporades. Tugtar Lenitha air inniu.

Calymne: oileán sa Mhuir Aeigéach, gar do Ródas. Bhíodh clú agus cáil air de bharr a chuid meala. Kalimno a thugtar air anois.

melle: an t-ochslaíoch cáilíochta tar éis na haidiachta **fecunda**, .i. 'Calymne a bhfuil an cuimse meala ann'.
8. **cupidine** : an t-ochslaíoch uirlise.

Nuair a thosaíonn an buachaill ag baint taitnimh as an eitilt fhíorbhaolach atá ar siúl aige, cuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuil nádúr súgrach, beagnach ábhailleach, ann. (Féach Dán 24). Tá deis anseo a iarraidh ar na daltaí an turas a leanúint in atlas. B'fhéidir go gcuirfidh an turas ionadh orthu!

Féach ar an bpictiúr le Peter Bruegel (atá liostaithe in Aguisín 3) chun an radharc a fheiceáil ina bhfuil iascaire, aoire agus treabhdóir léirithe go cruinn, ach nach bhfuil aon duine acu ach amháin an aoire ag féachaint ar Daedalus (a thuigeann go bhfuil Icarus tithe cheana féin). Leanann an t-iascaire agus an treabhdóir orthu lena gcúraimí laethúla agus is beag an tsuim a chuireann siad san eachtra drámata.

27: Óivid *Metamorphoses* 8 Líne 225-235

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR

Is é seo buaicphointe an scéil. Ní chuireann Óivid fad leis an titim, agus cuireann sé críoch néata ar fáil mar is gnáth.

Línte:

4. **remigio**: ochslaíoch tar éis **carens**.

remigioque carens: toisc nach bhfuil aon chleití aige.
6. **aqua**: an t-ochslaíoch uirlise le **excipiuntur**.
Is é an **Mare Icarium** an **aqua** anseo.
- 7,9 **Icare**: leagann athrá an ainm béim ar imní an athar agus é ag cuardach a mhic.

7,8,9. **dixit, dixit, dicebat**: díriugh aird na ndaltaí ar athrá agus ar athrú aimsire.

10. Tréigtear na **artes, ignotas** agus **damnosas** roimhe seo. (Cuir i gcomparáid le Prospero in *The Tempest*)

Cadmus

Dar leis an miotaseolaíocht, bhunaigh Cadmus an Téibh sa Ghréig. Ba é mac Agenor é, rí na Féiníce. Ba í Europa a dheirfiúr. Nuair a sciob Séas Europa, chuir Agenor Cadmus ina diaidh, agus d'ordaigh sé dó gan filleadh gan í. Theip ar Cadmus a dheirfiúr a aimsiú, ach d'ordaigh oracal i nDeilfe dó bó áirithe a leanúint agus cathair a bhunú san áit a luífeadh an bhó seo.

Thug an bhó chomh fada le háit a bhí in aice le tobar é. Mharaigh Cadmus an dragan a bhí ag cosaint an tobair, agus chuir sé fiacla an dragain sa talamh. D'fhás trúpa fear armtha as na fiacla seo, a throid ina measc féin go dtí nach raibh ach cúigear fanta.

Bhunaigh Cadmus a chathair anseo, an Téibh, agus deirtear gurb iad an cúigear fear seo sinsir mhuintir na Téibhe.

Thugtaí an Cadmeia ar dhún na Téibhe. Sheas an Cadmeia ionsaí fíochmhar an tSeachtair i gcoinne na Téibhe – ach ba bhua ceannaithe é mar gur maraíodh go leor de shaoránaigh na Téibhe sa chath. Dá bhrí sin, tráchtaimid ar “Bhua Cadmeian” chomh maith le “Bua Piorrach”.

Phós Cadmus Harmonia, iníon Airéis, rí an chogaidh (Mars a ainm Rómhánach) agus Afraidíte, bandia an ghrá (Véineas a hainm Rómhánach). Tugadh cuireadh do na déithe ar fad chuig an mbainis. I measc pháistí Cadmus agus Harmonia bhí Semele, máthair Dhinísis, dia an fhíona (Bacchus a ainm Rómhánach, Bacas sa Ghaeilge).

Ina dhiaidh sin, d'fhág Cadmus agus Harmonia an Téibh agus chuaigh siad chun cónaí i measc na *Encheleae*. Roghnaigh na *Encheleae* Cadmus mar a rí, agus lena chúnaimh siúd fuair siad an ceann is fearr ar na mílte.

Ar deireadh, d'athraigh Séas Cadmus agus a bhean chéile ina nathracha nimhe agus tugadh go hÉilísiam iad. Chreid na Gréagaigh gur thug Cadmus an aibítir leis chuig an nGréig ón bhFéiníc.

28: Óivid Metamorphoses 4 Líne 580-588

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR

Línte:

2. **lacrimis... fluentibus**: an t-ochslaíoch d'imthosca freastail nó an t-ochslaíoch leithliseach.

6. **loqui**: infinid phrólátach ar lorg briathar módúil **volo**.

7, 8. **nec... sufficiunt**: ‘ná ní leor focail don mhéid a theastaíonn uaidh a rá’.

7. **volenti**: tabharthach den rangabháil láithreach de **volo, velle, volui** arna rialú ag an mbriathar **sufficio** (líne 8).
8. **edere**: infinid phrólátach i ndiaidh **parat**.

29: Óivid Metamorphoses 4 Líne 589-601

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR.

Línte:

1. **manu**: an t-ochslaíoch uirlise.
nuda: cáilíonn sé **pectora**, ní **manu**.
2. **his... monstis**: an t-ochslaíoch deighilte.
7. **veluti cognosceret**: ‘ar nós gur aithin sé í’. Foshuiteach gnáthchaite i gclásal breischéime. Tá an briathar foshuiteach mar go bhfuil an chomparáid samhailteach go hiomlán.
11. **iuncto volumine**: an t-ochslaíoch modha.
12. **subiere: subiverunt** 3ú pearsa iolra, táscach foirfe de **subeo, subire, subi(v)i, subitum**.

30: Óivid Metamorphoses I Línte 541-45, 548, 550-51, 553-54, 556-68.

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR.

Tá an Dia Apalló sa tóir ar an nimfeach Daifne, iníon an dé abhann Peneus; tá Apalló go mór i ngrá léi agus díreach agus é ar tí breith uirthi, glaonn sí ar a hathair Peneus í a shábháil. Athraíonn sé ina crann labhrais í.

Línte:

2. **imminet**: pictiúr de dhuine éigin ag cromadh agus réidh le háladh a thabhairt nuair a thiochfaidh an t-am ceart.
3. D’imigh an dath óna leicne. Tugann an caesúr sa 5ú troigh le fios go bhfuil teip thobann ar neart Dhaifne.
8. **velox, pigris**: gléas coitianta é focail a bhfuil brí dhifriúil acu a chur in aice le chéile sa Laidin. Mar gheall ar na spoindéanna sa líne seo agus na consain **x p** agus **s r** (**velox, pigris radicibus**) le chéile moillítear foghraíocht na líne agus spreagtar níos fearr an íomhá de chosa Dhaifne ag greamú agus iad ag iompú ina bhfréamhacha.
- 7,8. Tabhair faoi deara an chaoi a ngabhann Óivid an nóiméad beacht a tharlaíonn an t-athrú.

10. Tabhair faoi deara an chodarsnacht idir an croí ag bualadh fós go fuaiscneach agus doichte na coirte a théann timpeall air anois. Is é an **cortex** an choirt gharbh sheachtrach de ghnáth.
13. **arbor... mea.** Is é ‘Daphne’ an focal Gréigise do chrann labhrais nó labhróige. Deir Óivid ansin gur ordaigh Apalló gur cheart fleasca bua do lúthchleasaithe agus do ghinearáil a dhéanamh as craobhacha an chrainn ab ansa leis.

31: Óivid Metamorphoses I Línte 639, 642-650

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR

I miotaseolaíocht na Gréige, ba í Io iníon Inachus, rí Argas. Thit Séas i ngrá léi, agus chun í a cheilt ar éad Héire, d’iompaigh sé ina bodóg í. Ach fuair Héire an bhodóg ó Shéas, agus sheol sí an t-aoire bó Argos, a raibh súile aige ar fud a cholainne, chun í a chosaint. Mharaigh Heirméas Argos, agus ansin sheol Héire creabhar capaill chun an bhodóg a chrá agus chun dul ina diaidh go deo. Mar sin, thug Io camchuart ar mhór-ranna na hEorpa agus na hÁise. San Éigipt, rugadh a mac Epaphos di agus ina dhiaidh sin rinne na hÉigiptigh í a adhradh mar Ísis.

Línte:

2. **Naiades:** nimfeacha sruthán, aibhneacha agus lochanna.
- Inachus:** an rí is ársa in Argas, agus dia na habhann a bhfuil an t-ainm céanna uirthi.
4. **patitur tangi:** tuigtear **se** ón gclásal roimhe.
- seque admirantibus offert:** .i. Tá ionadh orthu go mbrúnn sí í féin orthu.
5. **senior:** úsáidtear an bhreischéim don dearfach. Sa Laidin dhéanach d’úsáidte an focal mar théarma ómóis gairme, uaidh seo Signor, Senior, Seigneur srl.
- 7, 8. **sequantur, oret, loquatur:** úsáid bheoga an fhoshuitigh láithrigh chun coinníoll neamh-chomhlíonta den aimsir chaite a léiriú: ‘ach dá leanfadh focail, bheadh cabhair iarrtha aici agus a hainm agus a mí-ádh inste aici’.
9. **littera pro verbis:** ciallaíonn **verbum** i Laidin an focal labhartha go príomha; is é **littera** an t-uatha don iolra.
- duxit:** rianaigh.
- 9, 10. ‘In áit focal, rinne na litreacha a rianaigh a cos sa dusta cur síos ar scéal brónach a colainne athraithe.’

Hermione

Ba í Hermione iníon Mheinealáis, rí Sparta, a bhanríona, Héilin. Thug an Traíoch Páras Héilin chuig an Traí; d’éiligh Páras mar dhuais í toisc gur bhronn sé an t-úll órga ar Afraidíte sa chomórtas áilleachta. Bhí na hiomaitheoirí eile tar éis iarracht a dhéanamh an crúibín cam a thabhairt do Pháras – thairg Aitéiné críonnacht agus rath sa chogadh dó, thairg Héire cumhacht agus forlámhas dó – ach roghnaigh Páras Afraidíte a thairg Héilin dó, an bhean ab áille ar domhan. Ghairm Meinealás na Gréagaigh chuige chun cabhrú leis, agus mar sin a thosaigh Cogadh na Traí.

Mhair sé deich mbliana, agus chríochnaigh sé ar deireadh nuair a d'úsáid na Gréagaigh an Capall Adhmaid chun an láimh in uachtar a fháil ar na Traígh.

I sleachta 32 agus 33, cuimhníonn Hermione ar an anacair mhór a bhraith sí mar chailín beag nuair a thóg Páras a máthair agus nuair a d'imigh a hathair chun troda. Déanann sí cur síos ar an gcaoi ar fágadh gan an dlúthchaidreamh a bhíonn idir máthair agus a páiste í. Insíonn sí freisin go raibh sé deacair orthu a chéile a aithint nuair a casadh ar a chéile arís iad i ndiaidh don chogadh críochnú.

Tá Hermione ag scríobh chuig a col ceathrar Oraistéas, mac Agaiméamnáin agus Chliotaeimnéistre, a bhí geallta léi tráth. Tá sí ag iarraidh air í a shábháil ó phósadh míshásta le Neoptolemus (ar a nglaoitear Piorras freisin), mac Aichill.

32: Óivid Heroides 8 Línte 73-76, 79-80, 89-90

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

1. **Taenaris:** Is í Rinn Taenaram an chuid is deisceartaí den Pheilipinéis; is cuid di é Sparta. Is í Héilin an 'bhean Spartach' a ndéantar tagairt di.

Idaéo: Ba shliabh in aice leis an Traí Sliabh Ida. Úsáidtear an aidiacht **Idaeus** do 'an Traíoch' .i. Páras.

hospite: ciallaíonn an focal **hospes,-itis** 'óstach' nó 'aoi'. Sa chás seo, is é 'aoi' atá i gceist, mar go raibh Páras in aoi ag Meinealás.

3. **memini: memini-meminisse** – briathar uireasach. Tá brí láithreach ag an aimsir fhoirfe, 'Cuimhním'.

memini: tabhair aird ar an athrá. Baineann Óivid úsáid as an athrá cúpla babhta sa líne seo: m.sh. **omnia, sine me, duo/duobus** chun nóta páistiúil agus caointeach a chruthú.

5. **capillos:** Cuspóireach tagrach na Gréigise. Ciallaíonn sé go liteartha 'tar éis a bheith gearrtha maidir le mo chuid gruaige'. Déarfaimisne 'tar éis dom mo chuid gruaige a ghearradh, nach raibh fada ag an am sin fiú'.

7. **parva:** Baineann Óivid leas as truamhéala chun ár gcomhbhrón a spreagadh don chailín beag ar baineadh cuideachta a tuismitheoirí di, arbh dílleachta í beagnach **-orba**.

8. **vivant:** foshuiteach tar éis **cum** a chiallaíonn 'cé' nó 'bíodh' nó 'although' an Bhéarla.

33: Óivid Heroides 8 Línte 91-100

MEADARACHT: LEATHRAINN EILIGIACHA

Línte:

1. **blanditias**: ‘focail mhilse, muirnéis’.
2. **incerto**: cuireann an ‘chaint éiginnte’ i gcuimhne dúinn nach raibh inti ach cailín beag. Ar an gcuma chéanna, na ‘lámha gearra’ agus ‘burla ar do ghlúin’ sna línte ina dhiaidh sin.
5. **pacta marito**: tabhair faoi deara go gcuirtear nósanna cleamhnais agus pósta na Róimhe i bhfeidhm ar eachtrannaigh.
7. **obvia prodieram**: an tabharthach **tibi** ar a lorg.

reduci: tabharthach **redux,-ucis**, aidiacht a chiallaíonn ‘ag filleadh’.
- 9,10. **sensi... requirebas**: Baineann Óivid leas as truamhéala arís mar nach n-aithníonn an mháthair ná an iníon a chéile go héasca.
12. **foret**: úsáidtear mar mhalairt ar **esset** é amanna. Úsáidtear an foshuiteach neamhfhoirfe anseo mar cheist stairiúil indéreach.

34: Óivid Tristia Leabhar 4,1, Línte 67-68, 71-78

Agus é ar díbirt chuig Tomi, an phríomhchathair i bPontas, in aice le béal na Danóibe – deireadh na cruinne dar leis féin – déanann Óivid cur síos ar an gcaoi a raibh iallach air dul chun comhraic chun é féin a chosaint ar an namhaid ionraidh.

MEADARACHT: LEATHRANN EILIGIACH

Línte:

1. **Bessosque Getasque**: ba threibh fhiánta iad na **Bessi** in Oirthuaisceart na Tráicia. Ba threibh a chónaigh soir ón Danóib iad na **Getae**. Chreid Óivid go raibh an dá threibh uafásach fiánta.
2. **qui populi semper in ore fuit**: Síleann Óivid go bhfuil an chodarsnacht idir a shaol barbarach i láthair na huaire agus an saol a bhí aige mar cheiliúrán sa Róimh barúil.
3. Leanann Óivid air ag déanamh tráchta ar mhalairt a áidh agus é ag insint faoin gcaoi a gcaithfidh sé dul chun comhraic ina sheanaois – rud a d’éirigh leis a sheachaint agus é óg.
4. **movimus**: iolra don uatha.

lusura manu: ‘le láimh spóirtiúil’ – Céard go díreach a chiallaíonn sé seo? Cén tuairim a fhaightear d’Óivid ag an bpointe seo?
- 5,6. **latus, sinistram, canitiem, gladio, scuto, galeae** – cuspóir iad ar fad de **subicio**, briathar a thógann an tuiséal tabharthach agus an tuiséal áinsíoch.
7. Ord na bhfocal – **nam ubi custos...**
8. **induimus**: iolra don uatha (déan comparáid le líne 4).

10. **anhelanti... equo:** ochslaíoch, ‘óna chapall séideánach’.

35: Óivid Tristia Leabhar 5,10, Línte 15-24,37-38

Déanann Óivid cur síos ar ionsaithe a dhéanann treibheanna barbaracha.

MEADARACHT: LEATHRANN EILIGIACH

Línte:

1. **circa:** dobhriathar ‘thart timpeall’.
2. **quae:** tagraíonn sé do **gentes:** ‘Treibheanna a chreideann go bhfuil sé náireach gan maireachtáil ar chreachadh’.
3. **extra:** dobhriathar ‘lasmuigh’.
5. **cum minime credas:** ‘nuair is lú a mbeadh súil agat leis’.
7. **clausisportis:** an t-ochslaíoch leithliseach: ‘nuair atá na geataí dúnta’ nó ‘cé gur dúnadh na geataí’
9. **qui audeat:** foshuiteach ‘a leomhfhadh...’
10. **hac... hac manu:** ‘le láimh amháin...leis an gceann eile’.
11. **ulli:** tuiseal tabharthach (tabharthach an ghníomhaí tar éis **intellegor** céasta).

Tabhair acmhainn íoróine Óivid faoi deara nuair a thugann sé faoi deara gurb é an Rómhánach a labhraíonn Laidin an barbarach anseo mar nach labhraíonn sé an teanga áitiúil.

36: Óivid Epistulae Ex Ponto Leabhar 1 Uimh. 4, Línte 1-8, 29-30, 47-50.

Scríobhann Óivid chuig a bhean chéile agus chuig a chairde agus é ar deoraíocht. Bhí súil aige go scaoilfí abhaile é, ach bhásaigh sé agus é ar deoraíocht. Feic Óivid: *Tristia* Leabhar 1 Marbhna 3 dá chur síos ar a oíche dheireanach sa Róimh agus a scaradh óna bhean chéile a réab a gcroí. Sa litir seo chuig a bhean chéile, déanann sé machnamh ar an gcaoi a bhfuil a ghruaig glas de bharr bróin agus aoise.

MEADARACHT: LEATHRANN EILIGIACH

Línte:

2. Le **ruga:** ‘iomaire’ agus **arat:** ‘treabhann’, baineann Óivid leas as meafar chun cur síos a dhéanamh ar thionchar na seanaoise ar a aghaidh. (Déan comparáid idir seo agus dán Patrick Kavanagh: ‘Stony Grey Soil’.)

placere do placuerunt: a thógann tuiseal tabharthach **-iuveni** ‘Ní chuireann an siamsa a chuir sásamh orm agus mé óg an-áthas orm’.

5. **nee, si me subito videas, agnoscere possis:** foshuiteach i gcoinníoll foirfe – dá mbeifeá... bheadh

9. **Caesaris ira:** déanann Óivid trácht d’fhearg an Impire Ágastas ar díbríodh chuig Tomi é dá bharr. Tugann an leathrann seo ollchumhacht an impire le fios.

nocuit: tógann sé an tuiseal tabharthach, **mihi**.

11,12 **discedens urbe:** ‘ag fágáil na cathrach’ (an Róimh).

12. **te... credible est... insenuisse:** áinsíoch agus infinid.
‘Ó go ndeonaí na déithe go bhfeice mé thú fiú sa riocht sin’ (.i. dulta in aois)

14. **ferre:** ag brath ar **possim**.

Tabhair scil Óivid faoi deara agus é ag cur síos ar thaithí phearsanta agus ar mhothúchán mór i mbealach thar a bheith daonna laistigh de theorainneacha an leathrainn eiligiach. Tá truamhéala mhór le brath toisc go bhfuil sé féin agus a bhean chéile ag dul in aois i bhfad ó chéile: is é an íomhá atá acu dá chéile an íomhá den lá a scaradh iad. (Chaith Óivid deich mbliana ar deoraíocht). Mar sin féin, ba bhreá leis fós a bhean chéile a phógadh in ainneoin a ribí gruaise glasa (**mutatis comis**).

Veirgil

Rugadh Publius Virgilius Maro ar an 15 Deireadh Fómhair 70 RC in Andes, baile beag in aice le Mantua i dtuaisceart na hIodáile, i gceantar ar ar tugadh an Ghail Chiosalpach ag an am. Mar aon le Catullus, rinneadh tuairimíocht faoi bhunadh Ceilteach mhuintir Veirgil, ós rud é gur rugadh é i gceantar ina raibh go leor Ceilteach. B’fheirmeoir beag a athair a bhí tar éis oibriú go crua agus a bhí in ann an t-oideachas ab fharr a bhí ar fáil a fháil dá mhac mar gheall ar chomh maith agus a d’éirigh leis. Cuireadh oideachas ar Veirgil in Cremona agus in Mediolanum (Milano) ar dtús, agus rinne sé staidéar ar an reitric agus ar an bhfealsúnacht níos déanaí sa Róimh agus in Napoli, tráth a d’fhoghlaim sé Gréigis ó Parthenius ón mBitín, scoláire agus file Gréagach. Deirtear go raibh sé sách cúthail agus cúlanta, go raibh an ghráin aige ar thaispeántais phoiblí agus go raibh drogall air tús a chur leis an ngairm sna cúirteanna dlí ar réitigh a oiliúint é dó. I ndiaidh dó críochnú lena staidéar is dócha gur fhill sé abhaile ar chúlráideacht tuaithe fheirm a mhuintire, áit ar thosaigh sé ag cumadh na nEaclóg in 43 RC.

I ndiaidh bhriseadh Bhrútas agus Cassius ag Filipe in 41 RC bhí tionchar ag suaitheadh na ré ar shaol Veirgil nuair a cuireadh feirm a mhuintire san áireamh sa talamh a bhí le coigistiú chun gabháiltais bheaga a chur ar fáil do lonnú na seansaighdiúirí a bhí sna cogaí cathartha. Ach bhí cairde ag Veirgil i measc na n-oifigeach a bhí ag plé leis na tailte coigistithe a chinntigh go ndéanfadh Octáivian (an tImpire Ágastas amach anseo) an fheirm a thabhairt ar ais nó é a chúiteamh le heastát i ndeisceart na feirme. Chuir Veirgil a bhuíochas in iúl sa chéad Eaclóg:

.....**deus nobis haec otia fecit**
.....tá dia tar éis an tsíocháin seo a chruthú dúinn.

Ina dhiaidh seo, chónaigh Veirgil ar feadh tamaill sa Róimh ach is cosúil gur chaith sé formhór a ama in Napoli agus thart air, áit a raibh áiteanna tugtha ag an Impire Ágastas dó chun cónaí. Chuir a phátrún Maecenas, a bhí saibhir agus saothraithe, in aithne d'Ágastas é; ba phátrún chara Veirgil an file Horáit Maecenas freisin.

Chríochnaigh agus d'fhoilsigh Veirgil na hEaclóga in 37 RC. Ansin idir 37 agus 30 RC scríobh sé, ar iarratas Maecenas, ceithre leabhar na Seoirsicí, a foilsíodh in 30 RC. Le linn na haon bhliana déag deiridh dá shaol chaith sé dua le cumadh na hAeinéid. In 19 RC chuir sé tús le turas go dtí an Ghréig agus go dtí an Áise Bheag, áit a raibh sé i gceist aige trí bliana a chaitheamh ann, agus fad a bhí sé ann, an Aeinéid a chríochnú. D'éirigh sé tinn áfach i Meigeara, agus b'éigean dó filleadh ar an Iodáil. Bhásaigh sé nuair a shroich sé Bruindísiam ar an 22 Meán Fómhair 19 RC. Ar leaba a bháis d'iarr sé go scriosfaí an Aeinéid toisc nár cheap sé go raibh sé críochnaithe, ach shábháil a sheiceadóirí liteartha í agus foilsíodh í ar iarratas Ágastas.

Cuireadh Veirgil sa chathair ab ansa leis, Napoli, agus deirtear gur inscríobhadh an fheartlaoi seo ar a thuama:

**Mantua me genuit, Calabri rapuere, tenet nunc
Parthenope; cecini pascua, rura, duces.**

Thug Mantua beatha dom, sciob Calabria uaim í.

Ag Napoli atáim anois; scríobh mé faoi fhéarach, faoi fheirmeacha, agus faoi laochra.

Cuimsíonn an 12 fhocal sin a shaol agus a shaothar ar fad. Rugadh in Mantua é, bhásaigh sé i gcuán Calábrach Bhruindísiam, cuireadh in Napoli (Parthenope) é agus ba iad a thrí mhórshaothar na hEaclóga (**pascua** – faoi aoirí agus faoi thréadaithe idéalaithe); na Seoirsicí (**rura** – ag moladh na talmhaíochta); agus an Aeinéid (**duces** – a rinne cur síos ar eachtraí laochta Aeinéas, an teifeach ón Traí a bhunaigh cine na Rómhánach).

Filíocht Veirgil

(i) Is iad na *hEaclóga* ('roghnúcháin'), ar a nglaoitear freisin na Búcólaigh ('dánta faoi thréadaithe'), an saothar ba thúisce a foilsíodh le Veirgil. Deich ndán ghearra nach bhfuil nasc eatarthu atá i gceist, a cumadh i heicsiméadair. Scríobhadh iad idir 43 agus 37 RC agus cuireann siad íomhá sách saorga agus stílithe de shaol aoirí agus banaoirí os ár gcomhair. Déanann an chéad Eaclóg machnamh ar an staid in 43 RC i ndiaidh an chogaidh chathartha nuair a chaithfidh feirmeoir amháin a fheirm a fhágáil fad a dhéanann an feirmeoir eile lúcháir faoina ádh toisc gur féidir leis fanacht ar a fheirm.

(ii) Is éard atá sna *Seoirsicí* (dánta talmhaíochta), a cumadh idir 37 agus 30 RC, ceithre leabhar a scríobhadh i heicsiméadair, a thugann treoracha faoi réimsí éagsúla de shaol na feirmeoireachta. Baineann Leabhar 1 le fás barr agus le seanchas na haimsire; baineann Leabhar 2 le saothrú crann, an ológ agus an fhíniúin go háirithe; baineann Leabhar 3 le feighil eallaigh; agus baineann Leabhar 4 le beachaireacht. Sna dánta seo meashtar an ghné theagascach – tabhairt treoracha – le scéalta ar nós an scéil faoi Oirféas agus Eoraidicé, a chuireann lena meallacacht mhór filíochta. Spreagann siad braistint den streachailt idir an duine agus an dúlra, ach braistint freisin den ghrá mór atá ag an bhfeirmeoir don talamh, do phróisis an dúlra agus do na hainmhithe agus do na barra atá faoina chúram.

(iii) Eipic í an Aeinéid in 12 leabhar heicsiméadar, a scríobhadh idir 30 agus 19 RC. Eipic náisiúnta í arb é cúlra laochta agus misean geallta diaga Impireacht na Róimhe a téama. Insítear

finscéal laoch na Traí, Aeinéas, ann. I ndiaidh thurnamh na Traí agus blianta fada de spaisteoireacht ar an bhfarraige, bhunaigh sé cathair nua in Latium san Iodáil, agus is é sinsear finscéalach mhuintir na Róimhe é.

37, 38, 39 Veirgil: Eaclóg I

Déanann *Eaclóga* Veirgil aithris ar *Idilí* (sceitsí beaga) Theocritus, an scríbhneoir Gréagach ón 3^ú haois RC; cé gur rugadh i gCós é agus gur chónaigh sé ar feadh tamaill i gCathair Alastair, chónaigh sé ar feadh fhormhór a shaoil sa tSicil, tír a raibh cáil uirthi as an saol tréadach inti. Déantar cur síos ina chuid dánta ar shimplíocht shaol na tuaithe agus go minic is agallamh drámata a bhíonn iontu.

Ní dhéanann *Eaclóga* Veirgil cur síos ar fhíoráit, is faoi dhaoine agus faoi áiteanna samhailteacha iad. Baineann sé leas as na *hEaclóga* chun tagairt go fáthchiallach d'imeachtaí agus do phearsantachtaí a ré.

Eaclóg 1

De réir cosúlachta, agallamh é an dán seo idir beirt aoirí, Meliboeus, Gréagach a thugann aire don damhra, agus Tityrus. Choigistigh na húdaráis feirm Meliboeus le déanaí agus cuireadh iallach air bogadh ar aghaidh chun baile nua a chuardach. D'éirigh le Tityrus seilbh a choinneáil ar a thalamh agus ar a shaol den amhránaíocht agus den fhóillíocht. Míníonn sé go bhfuil gach a bhfuil aige aige de bharr fir atá cosúil le dia.

Faoi bhréagríocht caol an agallaimh seo, déanann Veirgil taifead ar a stair féin. Tagraíonn Veirgil do choigistiú fheirm a theaghlaiigh agus a hathchóiriú mar gheall ar idirghabháil Octáivian – **deus Eaclóg I**.

37: Veirgil Eaclóg 1 Línte 1-10

Tabhair faoi deara an pictiúr d'aoire ag glacadh scíthe faoi chrann agus ag seinm a phíbe. Breathnaigh ar idilí na hArcáide san ealaín, sa cheol agus sa litríocht. Tá *Comus* agus *Lycidas* le Milton, ealaín Claude Lorraine, ceol Ravel 'L'Après Midi d'un Faune' agus dánta Wordsworth ar chuid de na samplaí.

Línte:

1. **fagus,-i**: crann feá, baininsneach, an dara díochlaonadh. Tá gach crann baininsneach, mar a bhí na nimfeacha a chónaigh iontu.
- 1.3.4. Tabhair faoi deara an chodarsnacht idir **tu, nos, nos, tu** agus an éifeacht chothrom a chruthaíonn sé seo.
- 3,4. **patriae, patriam**: tabhair faoi deara an truamhéala mar gheall ar athrá.
5. **Amaryllida**: Tuiseal áinsíoch na Gréigise.
6. **dens – Octáivian** (féach na nótaí beathaisnéiseacha). Ní brí liteartha atá i gceist ag Veirgil, ach moladh. Rinneadh adhradh ar Octáivian (Ágastas), áfach, mar dhia níos déanaí i

gcodanna den Impireacht. Cuirtear béim ar a thábhacht agus ar bhuíochas Tityrus Veirgil trí athrá **ille, illius, ille**.

10. Tógann **permisit** an tuiseal tabharthach agus dá bharr teastaíonn **mihi**.

38: Veirgil Eaclóg 1 Línte 18-25, 42-45

Línte:

1. **da:** ‘inis’.
6. **noram for nosco:** ‘Tá a fhios agam’.
- 7, 8. D’fhéadfaí na línte seo a aistriú mar seo a leanas: ‘ach ardaíonn an chathair seo (an Róimh) a ceann go hard i measc cathracha eile mar atá na cufróga i dtaithe ar a bheith i bhfad níos airde ná na toir righne viobarnaim’.
9. **illum... iuvenem:** tharla an coigistiú ar fad i ndiaidh Chogadh Philipe .i. ó 41 go 40 RC nuair a bhí Octáivian, a rugadh in 63 RC, ina **iuvenis** i ndáiríre.
- 9, 10. **quotannis bis senos:** ‘faoi dhó sé lá in aghaidh na bliana’ – uair sa mhí.

39. Veirgil: Eaclóg 1 Línte 46, 51-52, 56-58, 64-66, 77-78, 79-83

Caoineann Meliboeus a chinniúint arís, ach tugann Tityrus cuireadh cineálta dó a oíche dheireanach roimh a dheoraíocht a chaitheamh leis.

Línte:

5. **ulmns, -i,:** baininsneach ‘crann leamháin’ (Feic an nóta roimhe seo faoi na crainn a bheith baininsneach). Déanann Meliboeus codarsnacht idir na sruthanna muinteartha, an scáth fuaraithe agus na fearáin ar bharr na gcrann leamháin, agus na háiteanna barbaracha a rachaidh sé de bharr a dheoraíochta: an Afraic, an Scitia (an Tuirc sa lá atá inniu ann) agus an Bhreatain; mheas na Rómhánaigh i ré Veirgil gurbh é an Bhreatain deireadh na cruinne ó thaobh na sibhialtachta de.
7. Is nath díospóidte é **Cretae... Oaxen**, toisc go bhfuil dhá léamh dhifriúla ar **Cretae**. Má tá ‘C’ ann mar cheannlitir, aistrítear mar ‘abhainn sciobtha Oaxes na Créite’ é. Cuireann Page ‘c’ beag ann agus aistríonn mar ‘the chalk-rolling Oaxes’ é.
11. **poteras:** ‘d’fhéadfá sos a ghlacadh’ – táscach nuair a theastaíonn an foshuiteach ó cheart.
13. **pressi... lactis:** ‘cáis’.
14. **villarum:** tithe tuaithe i gcomparáid le **domus** na cathrach.

Críochnaíonn Veirgil an dán le teacht an tráthnóna. Aistríonn C. Day Lewis mar seo é: 'And longer fall the shadows cast by the mountain heights.' Tabhair faoi deara grá mór Veirgil

don nádúr agus a ardéirim mar scríbhneoir tuairisciúil. Tugann na *hEaclóga* pictiúr idéalaithe saorga de shaol na tuaithe.

Oirféas agus Eoraidicé

Tógtar scéal Oirféis agus Eoraidicé ó Leabhar 4 de na Seoirsicí a thugann comhairle ar thábhacht agus ar chúram beach.

I miotaseolaíocht na Gréige, b'aoire é Aristaeus agus clann Apalló agus na nimfí Círíné. Tugadh onóir do Aristaeus mar dhia na feirmeoireachta agus mar thionscnóir na beachaireachta. Thit sé i ngrá le hEoraidicé, bean chéile Oirféis, agus fad a bhí sí ag déanamh iarrachta é a sheachaint, shiúil sí ar nathair agus bhásaigh sí de bharr ghreim na nathrach. D'agair a comhnimfeacha abhann a bás trí bheacha Aristaeus a scriosadh. Ghabh Aristaeus an dia mara Próitéas, agus cuireadh comhairle air cóiriú faoi na Nimfeacha. Fuair sé saithí nua beach ó chonablaigh tarbh a rinne sé a íobairt.

Insíonn Próitéas fíorchúis na tubaiste dó agus faoi thuras Oirféis go dtí an Domhan Thíos agus faoin gcaoi ar theip air grá a chroí, Eoraidicé, a thabhairt ar ais.

40: Seoirsicí 4 le Veirgil, Línte 464-470

Sa chuid seo bíonn sé de mhisneach ag Oirféas, atá dólásach de bharr bhás a mhná céile, dul isteach i ríocht an domhain thíos.

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR (gach sliocht)

Línte:

1. **cava... testudine:** 'a lir chuasach'. Síneadh sreanga na lireanna ba thúisce thar bhlaosc toirtíse.
aegrum... amorem: 'breo croí'.
- 2, 3. baintear leas as **te** ceithre huairé chun béim a chur ar a bhrón.
secum: 'leis féin'.
3. Tabhair faoi deara athrá na fuaime "é".
4. **Taenarias... fauces:** uaimh ag mullach na Peilipinéise, a raibh cáil uirthi mar an bealach isteach go dtí an Domhan Thíos.
Dis: ainm eile do Phlútón.
5. **lucum:** garráin ar tugadh urraim dóibh mar áitreabh na spiorad.

41: Seoirsicí 4 4. Línte 471-477, 481-484

Línte:

1. **Erebus:** an Domhan Thíos
2. **tenues:** tá na scáthanna diomaibhseach. Cuir i gcomparáid le *hAeinéid* 6, líne 305.
luce carentum: bíonn an tuiseal ochsláoch ar lorg an bhriathair **carere**.

- 3-7. Cuir i gcomparáid le *hAeinéid* 6; cur síos ar anamacha ag fanacht le dul trasna na Stiocs.
3. **quam multa...**: ‘a mhéad leis na héin a...’
5. **defunctaque... vita**: ‘críochnaithe leis an mbeatha’.
6. **magnanimum**: ginideach iolra – foirm ghiorraithe de **magnanimorum**.
8. **quin ipsae ... domus**: ‘fiú na hallaí féin’.
stupuere: stupuerunt.
intima: ‘is faide isteach’.
9. **caeruleos**: tagraíonn sé do na nathracha nimhe (**angues**) atá infhillte le gruaig na bhFúire.
10. **Eumenides**: na Fúire, triúr bandéithe agartha.
11. **Ixionii... orbis**: roth Ixion. Ba rí sa Teasáil é Ixion a mhaslaigh Iúnó agus a ceanglaíodh de roth a chas de shíor i Háidéas é.
vento: an t-ochsلاíoch cúise, .i. ‘ag an ngaoth’.

42: Seoirsicí 4 le Veirgil, Línte 485-493

Ligeann Proserpine d’Oirféas, banríon an domhain íochtair, a bhean chéile a athbheochan ar an gcoinníoll nach mbreathnaíonn sé siar fad a thugann sé aníos chuig an domhan í.

Líne:

2. **reddita**: déanann sé cur síos ar Eoraidicé... ‘athbheoite’.
3. **hane... legem**: ‘an choinníoll seo’.
5. **ignoseenda quidem**: ‘inmhaite go deimhin...’.
6. **luee sub ipsa**: ‘díreach ar theacht sholas an lae’.
7. **vietus animi**: ‘géilliúil (díomuach) ina chuspóir’.

Tabhair faoi deara suíomh drámata **restitit** agus an forás go **respexit** (1.7). Cuireann suíomh neamhghnách **respexit** le braistint na míchinniúna.

Cuir i gcomparáid leis an scéal sa Sean-Tiomna faoi bhean chéile Lót.

Sna sleachta seo éiríonn le Veirgil an truamhéala faoi chaillteanas Eoraidicé a chur in iúl. D’fhéadfaí daltaí a spreagadh chun na bealaí a rinne an file é seo a fhiosrú.

43: Seoirsicí 4 le Veirgil, Línte 494-506

Línte:

3. **lumina**: ‘súile’ anseo.
5. **heu! non tua**: ‘mo léan! Ní leatsa níos mó mé’.
7. **diversa**: ‘i bhfad i gcéin’.
9. **portitor Orci**: Carón, an bádóir a thug na mairbh trasna na Stiocs.
11. **faceret... ferret... moveret**: foshuiteach i gceisteanna reitriciúla nó tomhaiste.
rapta... coniuge: an t-ochslaíoch leithliseach.
- 4-12. Is cosúil go gcuireann na ceisteanna béim ar bhraistint na cailliúna.
13. **nabat**: ‘bhí sí ar snámh’
frigida: téann sé le **illa**.

44: Seoirsicí 4 le Veirgil, Línte 507-517, 519-520

1. **septem... totos... menses**: áinsíoch do thréimhse ama.
2. **Strymon**: abhainn sa Tráicia, i dtuaisceart na Gréige.
3. **haec evolvisse**: ‘d’inis sé na rudaí seo (an scéal seo)’.
4. **agentem**: ‘bogadh’, ‘tiomáint’.
5. **qualis**: tugann isteach an tsamhail – ‘fíú agus’.
philomela: sa mhiotaseolaíocht, dúradh gurbh é amhrán an fhiliméala caoineadh Philomela dá mac Itys.
8. **noctem**: áinsíoch do thréimhse ama.
10. **venus**: ‘grá’ – úsáidtear ainm an bhandé don bhronntanas a bhronnann sí.
Flexere: flexerunt.
11. **Hyperboreas**: tréad miotasach a chónaigh sna díthreabha oighreata ó thuaidh den Tráicia.

45: Seoirsicí 4 le Veirgil, Línte 523-527

Mharaigh Maenada ón Tráicia Oirféas, mar gur chuir sé isteach ar adhradh Bhacas acu nó mar gur thug sé droim láimhe do gach bean eile de bharr a bhróin.

1. **Oeagrius:** ba é athair Oirféis é.

3, 4, 5. **Eurydicen:** Tuiseal áinsíoch na Gréigise. Úsáidtear an t-áinsíoch in uaillbhreasa.

Is fiú go mór leagan Seamus Heaney de scéal Oirféis agus Eoraidicé (*After Ovid. New Metamorphoses*, féach an Leabharliosta) a léamh mar gheall ar a chur síos ar Oirféas ag breathnú siar agus ag cailleadh Eoraidicé ar deiridh, agus mar gheall ar a chur síos ar athaontú na beirte i ndiaidh bhás Oirféis.

Sleachta 46-62

Díodó agus Aeinéas

Chum Veirgil an *Aeinéid* chun eipic náisiúnta a thabhairt do na Rómhánaigh dá leagan féin de dhánta eipice Hóiméar. Déantar cur síos ann ar ródaíocht Aeinéas i ndiaidh ghabháil na Traí, agus ar a throid chun baile nua a bhunú san Iodáil dóibh siúd a tháinig slán ón Traí. Tugann páirt amháin de thuras Aeinéas chuig an Afraic é, áit a gcastar Díodó air. Tá sise agus a lucht leanúna tar éis teacht ón bhFéiníc agus tá siad ag tógáil cathair nua dóibh féin, a raibh cáil uirthi níos déanaí mar an Chartaig.

Titeann Díodó agus Aeinéas i ngrá agus pósadh ar bhealach iad. Ach ordaíonn na déithe d'Aeinéas leanúint ar aghaidh ag taisteal agus a cheann scríbe beartaithe a shroicheadh. Impíonn Díodó air gan imeacht, ach ní éiríonn léi. Go héadóchasach, tógann sí tine chnámh as na rudaí ar fad a chuireann a ngrá i gcuimhne di agus maraíonn sí í féin ar an tine. Baineann Veirgil leas as scaradh na leannán mar thairngreacht do na Cogaí Púnacha sa todhchaí idir na Rómhánaigh agus na Cartagaigh. Ag céim níos déanaí ina thaisteal, tugann Aeinéas cuairt ar an Domhan Thíos, áit a gcastar spiorad Díodó air.

Is é Leabhar 4 den *Aeinéid* an fhoinsé do na sleachta faoina gcaidreamh. D'fhéadfadh sé a bheith cabhrach do mhúinteoirí aistriúchán de chuid den leabhar seo a léamh dá ndaltaí. Tugann Laidin na sleachta samplaí de bhuanna filíochta Veirgil – a shamhlacha, a fhuaimfhoclaíocht, úsáid na meadarachta chun béim a leagan ar bhrí, agus go leor samplaí d'uaim. Cabhróidh léamh os ard an téacs le léirthuisicint na gcáilíochtaí seo.

46: An *Aeinéid* le Veirgil, Leabhar 4, Línte 66-73

MEADARACHT: HEICSIMÉADAR (gach sliocht)

Líne:

1. **Est:** foirm mhalartach ar 'cuir in eagar'.
4. Forbraítear an tsamhail go mionsonrach mar is gnáth in eipicí ársa. Go minic is é carria a mharaítear i seilg, ach úsáideann Veirgil fia baineann anseo chun nascadh níos fearr a dhéanamh le Díodó, an té ar bhuail saighead Chúipid í.
7. **nescius:** Coinníonn Veirgil an focal seo go dtí deireadh an chláisail d'aon turas agus cuireann sé leis féin é ag tús na chéad líne eile, ag leagan béime mar sin ar an gcaoi nach dtuigeann an sealgaire an gortú a d'imir sé.

8. Tabhair faoi deara an uaim.

47: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 74-76, 80-83, 86-88

1. **Aenean**: áinsíoch Gréigise.
2. **Sidonias**: Bhí Siodón ar cheann de na bailte móra san Fhéiníc.
5. Cruthaíonn na túslitreacha athráite éifeacht shuaimhnithe sa líne.
7. **absens absentem**: tá codarsnacht láidir idir brí na bhfocal agus a suíomh taobh le taobh.

48: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 281-286

- 3-4. Léiríonn na briathra san fhoshuiteach láithreach Aeinéas ag déanamh machnaimh ar ar cheart dó a dhéanamh agus a rá.
- 5-6. Cuireann líon na bhfocal agus an chaoi a leagtar iad an mearbhall in intinn Aeinéas in iúl.

49: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 288-298

Línte:

1. Tá an t-ainmní Aeinéas le tuiscint.
Mnesthea: áinsíoch Gréigise.
- 2-4. Tá na briathra san fhoshuiteach de bharr dhul an ordaithe indírih.
- 4-6. **sese... temptaturum**: áinsíoch agus infinid tar éis ‘Cheap sé gur...’ atá le tuiscint.
5. Tá na briathra san fhoshuiteach mar go bhfuil siad i bhfochlásal i ráiteas indíreach.
8. **parent** ó **pareo,-ere**: nach bhfuil le meascadh le **parent** (líne 3) ó **paro,-are**.
11. **tuta timens**: nath cainte a théann i bhfeidhm ar an éisteoir chun aird a tharraingt ar chruachás na banríona.

50: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 314-319, 327-332

- 1-6. Tá codarsnacht idir an forás fada go dtí a hagairt agus gairide a hiarratais dheireanaigh **istam exue mentem**.
5. **domus labentis**: ginideach ar lorg **miserere**.
istam: tagann sé le **mentem**.
- 8, 9. **parvulus**: baintear leas as an díspeagadh go ceanúil – an leanbh a bhreathnaigh cosúil lena athair.

11. **dixerat**: ‘Bhí a haitheasc críochnaithe aici’. Cuireann Veirgil deireadh le haitheasc le focal amháin mar seo go minic. Rinneadh é seo mar go raibh an fhilíocht le léamh os ard agus mar sin bhí a fhios ag an léitheoir go raibh an guth críochnaithe.
- 10-11. Níl aon tionchar ag a focail ar Aeinéas. Níos déanaí sa Domhan Thíos níl aon tionchar ag a fhocail siúd ar Dhíodó (feic sliocht 62).

51: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 381-392

3. Tá **te** le tuiscint chun ainmní **hausurum** a dhéanamh san áinsíoch agus san infinid tar éis an bhriathair **spero**.
- 2-4. Tugann an litir ‘p’ neart dá bhfocail, agus cheapfá go siosann sí a mallacht leis an ‘s’ rialta.
5. Tugann an Laidin le fios go bhfuil an bás tar éis na géaga a bhaint ón mbeatha, ach déarfaimisne a mhalairt.

52: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 394-404

Do dhaltaí an Ghnáthleibhéil, ba cheart don mhúinteoir an bhearna sa scéal óna sliocht deireanach (sliocht 48) a mhíniú. Sa sliocht seo, léirítear Aeinéas in adharc gabhair: teastaíonn uaidh sólas a thabhairt do Dhíodó ach tá sé tiomanta do thoil na ndéithe a bhaint amach. D’fhéadfadh an múinteoir trácht a dhéanamh freisin ar dhíograis chompánaigh Aeinéas dá bhfágáil.

Línte:

1. **dolentem**: .i. ‘Díodó ag cránán’.
4. **divum**: ginideach iolra, ‘na ndéithe’.
5. **tum vero**: tá fuinneamh anseo a léiríonn na Traígh ag cur tús leis an obair.
- 5-6. **toto... litore**: an t-ochslaíoch deighilte, ‘ó feadh na trá’.
6. **natat**: ‘snámhann’, ‘ar snámh’.
7. **frondentes...ramos**: Is dócha gur tagairt é seo do mhaidí rámha breise a chríochnófaí ar an turas.
8. Is líne neamhchríochnaithe í seo, ach tá an bhrí iomlán. Tá díocas (**studium**) na dTraíoch toisc iad a bheith ag fágáil soiléir sa dá líne seo, 7 agus 8.
9. **cernas**: ‘d’fhéadfá feiceáil’.
- 10-12. Léiríonn an tsamhail seo díocas na dTraíoch arís agus tá an-chodarsnacht idir é seo agus giúmar oscailt an tsleachta. **it... agmen**: tabhair faoi deara na spoindéanna ag léiriú gluaiseacht dhaingean na seangán.

53: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 522-532

Spreagann atmaisféar an tsleachta seo ní hamháin suaimhneas an dúlra ach ciapadh Dhíodó agus a leithlis ó gach ní beo (**corpora**) freisin. D'fhéadfaí daltaí a spreagadh leis an éifeacht seo a bhrath iad féin agus le breathnú ar na sleachta roimhe seo, go háirithe sliocht 46, nuair a bhuaíl **letalís harundo** an eilit. Tá dosheachaint shoiléir ag baint lena cinniúint anois agus d'fhéadfaí daltaí a spreagadh leis sin a thuiscint sna línte géara seo.

Línte:

- 1-3. Tá sé spéisiúil a thabhairt faoi deara go gcríochnaíonn an ceathrú troigh den heicsiméadar dachtalach sna trí líne seo le críoch focail. Cuireann sé seo freisin le rithim dhaingean an chodlata a thagann ar gach créatúr – seachas Díodó.
 1. **carpebant**: ‘thóg, bhain sult as’.
 2. **per terras**: ‘ar fud an domhain’.
quierant, quieverant: ‘bhí tar éis éirí ciúin’.
3. Tugann comhfhuaim na ngutaí sa líne seo suaimhneas le fios. Spreagann athrá **cum** agus **quaeque** an ghluaiseacht shocair chéanna.
5. **liquidus**: ‘glé’, ‘lonrach’, ‘gealánach’.
quaeque... quaeque: ‘iad siúd a... agus iad siúd a... araon’
6. **positae**: ‘suncáilte’.
tenent: ‘gnáthaigh’, ‘áitriugh’.
somno: tá an t-ochslaíoch módúil nó áitiúil.
sub: ‘faoi chosaint’ nó ‘faoi scáth’.
8. **solvitur in somnos**: Níl Díodó ‘scaoilte go codladh’ .i. ‘ní féidir léi suaimhneas a ghlacadh i gcodladh’.
- 9-10. Tabhair faoi deara an chomhfhuaim ‘u’ sa dá líne dheireanacha.

54: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 584-91, 594-96

Línte:

- 1-2. Tá na línte seo cosúil le hoscailt Leabhar V den *Odaisé*. ‘Nuair a d’éirigh Dawn ón leaba ina gcodlaíonn sí in aice le Tithonus oirire chun solas an lae a thabhairt do dhaoine neamhbhásmhara agus do dhaoine básmhara...?’

2. **Tithoni:** Thit Dawn i ngrá le Tithonus agus d'iarr sí ar na déithe é a dhéanamh neamhbhásmhar. Ach rinne sí dearmad iarraidh le haghaidh óige shíoraí agus d'éirigh sé ina sheanchréatúr feosaí, nó mar a deir roinnt finscéalta, dreoilín teaspáigh.
- 6-7. Comharthaí méala iad an brollach a bhualadh agus an ghruaig a chlamhairt i roinnt cultúr ársa, m.sh. Gaelach, Giúdach.
8. **inluserit:** aimsir fháistineach fhoirfe.
11. **facta impia:** an bhfuil Díodó ag trácht ar ghníomhartha Aeinéas nuair a thréigeann sé í nó ar a ghníomhartha féin nuair a thréigeann sí a muintir féin nó nuair a théann sí siar ar a mionn le Sychaeus, a céad fhear céile?

55: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 620-629

Línte:

1. **cadat:** foshuiteach i gcomhair guí.
3. **Tyrii:** Bhí Tioras ar cheann de na bailte móra san Fhéiníc ónar tháinig siad.
6. **exoriare:** foirm mhalartach ar **exoriaris**, foshuiteach láithreach an diúscartaigh. Tá sé níos éasca é a aistriú leis an tríú pearsa 'lig do dhíoltach éigin (**ultor**) éirí'. Tá Veirgil ag tagairt do Hannabal anseo.
7. **sequare:** mar atá thuas.
- 9-10. Léiríonn suíomh na bhfocal go bhfuil siad in éadan a chéile.
pugnent: foshuiteach i gcomhair guí.

55: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 642-52

Bhí clós i lár bhaile Dhíodó a ndeachaigh an **interiora limina** (líne 4) chomh fada leis. Thóg Díodó breocharn mór anseo agus chuir sí an leaba agus nithe eile a chuir a caidreamh grá i gcuimhne di ar an mbreocharn. Tabhair faoi deara an cur síos soiléir ar Dhíodó agus an cur síos ar an ngluaiseacht scuabach atá aici nuair a thagann sí isteach sa chlós, nuair a théann sí in airde ar an mbreocharn agus nuair a nochtann sí an claíomh.

Línte:

6. **Dardanium:** Traíoch. Ba é Dardanus sinsear Ríthe na Traí.
7. **Iliacas vestes:** 'éadaí Traígh'.

57: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 653-655, 657-665

- 4-7. Cuireann athrá na bhfocal **felix felix; moriemur... moriamur; sic... sic** le críochnaitheacht a haithisc.
5. **tetigissent:** foshuiteach i gcoinníoll neamhfhéideartha.

8-9. **crudelis...** Dardanus: Aeinéas.

58: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 665-674

2. **bacchatur:** briathar é seo a théann go mór i bhfeidhm ar an éisteoir a chuireann béim is cosúil ar iompar mífhreagrach, neamhsmachtaithe Rumour.
3. **ululatu:** focal fuaimfhoclaíochta. Athluann na gutaí sa líne an caoineadh.
5. **non aliter quam si:** ‘ní dosháraithe ná má’ .i. ‘díreach ar nós’.
9. **soror:** Deirfiúr Dhíodó Anna a chabhraigh i ngan fhios di féin lena deirfiúr a réiteach dá féinmharú.

Is cosúil go léiríonn an ghluaiseacht sciobtha sa sliocht seo an luas ag a scaipeann an scéal faoi bhás Dhíodó agus uafás na tragóide.

59: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 4, Línte 693-95, 700-705

2. Ba í Íris bandia an bhogha báistí agus d’úsáid Iúnó mar theachtair go minic í. Faoiseamh atá ina taibhsiú ar lorg dathanna crithlonracha do-áirithe agus i gcaoine a cainte le Díodó agus í ar leaba a báis.
6. **Diti:** Ba é Dios dia Rómhánach an Domhain thíos:
hunc: tá **crinem** le tuiscint. Gearradh an ghruaig mar ofráil do dhia na marbh, mar a tharlódh ag íobairt.

Feic an phéintéireacht ‘The Death of Dido’ le Sir Joshua Reynolds ina bhfuil íomhá d’Íris, timpeallaithe ag a bogha báistí, ag gearradh dlaoi gruaige de Dhíodó. (Aguisín 3)

60: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 6, Línte 450-455

1. **Phoenissa:** ‘Féiníeach’. Ba thír an Fhéinic; stráice feadh chósta na Siria ab ea í, lena n-áirítear na bailte Siodón agus Tioras. Ba í an Chartaig a coilíneacht ba thábhachtaí, a bhunaigh agus a threoraigh Díodó.
 3. **ut primum:** ‘chomh luath agus a’.
 4. **primo... mense:** ‘ag tús na míosa’.
- vidisse:** ráiteas indíreach ar lorg **putat**.
- 4-5. **qualem... lunam:** d’fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí machnamh a dhéanamh ar éifeachtacht na samhla seo.
 6. Cur síos tochtmhar é seo ar fhreagairt Aeinéas ar Dhíodó a fheiceáil arís.

61: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 6, Línte 456-466

Línte:

- 1-3. D'fhéadfaí daltaí a spreagadh le plé a dhéanamh ar fhírinne na gceisteanna seo.
1. **mihi: .i. ad me.**
2. Ráiteas indíreach **te... extinctam(esse)... secutam(esse).**
4. **per superos:** 'ag an domhan thuas', 'ag na déithe thuas'.
et si qua fides: per fidem, si qua est: 'ag pé geall/creideamh arb ann dó'.
5. **invitus:** tá suíomh **invitus** suntasach. Is léir go dteastaíonn ó Veirgil béim a chur air.
6. **deum: deorum.**
8. **egere: egerunt.**
9. **me ferre:** ráiteas indíreach 'a thabharfainn'.
11. **extremum:** 'an focal deireanach'.

62: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 6, Línte 467-476

Líne:

- 1, 2. **talibus... dictis:** 'lena leithéid d'fhocail'.
1. **ardentem et torva tuentem:** 'a spiorad borb agus grugach'.
2. **lenibat: leniebat** 'rinne iarracht a sháimhriú'.
4. **vultum ... movetur:** 'tá a dreach corraithe'. Go liteartha: 'ná níor bhog a dreach de bharr a aithisc thosaithe'.
5. Ba shliabh é Marpesus ar an oileán Aeigéach, Paros, a bhí cáiliúil dá mharmaid. Cuirtear fíor liathbhán neamhchorraithe Dhíodó i gcomparáid le marmar ó Paros. Céard é éifeacht na samhla seo? Arís, tá réimse mór plé anseo. Ar thug Díodó cothrom na Féinne d'Aeinéas?
stet: 'go raibh sí'.
8. **Sychaeus:** Tá iarfhear céile Dhíodó, ar dhúnmharaigh deartháir Dhíodó Pygmalion (*An Aeinéid* 1347) é, sa Domhan Thíos ina measc siúd a bhásaigh sula raibh sé i ndán dóibh.

Veirgil agus Hóiméar

Ba é Hóiméar an chéad fhile agus an file ab fhearr agus ba mhó tionchar sa domhan ársa. Chónaigh sé thart ar 700 bliain roimh Veirgil, thart ar 750 RC. Ba Ghréagach é agus is dócha gur chónaigh sé

san Áise Bheag (an Tuirc sa lá atá inniu ann). Scríobh sé dhá mhórdhán eipice, an *Íliad* agus an *Odaisé*; ba faoi Chogadh na Traí an chéad dán, agus ba faoi fhilleadh an Ghréagaigh cháiliúil Odaiséis ón Traí ar a bhaile in Ithaca an dara dán.

Nuair a chuir Veirgil tús leis an gcéad mhóreipic Rómhánach, d'úsáid sé Hóiméar mar shamhail go huathoibríoch mar gurbh é an treoir ab fhearr a bhí ann ag an am. Dá bharr sin, tá an-chosúlachtaí idir an *Aeinéid* agus an *Íliad* agus an *Odaisé*. Tá siad seo a leanas i measc na gcosúlachtaí is tábhachtaí: fánaíocht Aeinéas agus é ag lorg tír dhúchais, atá cosúil le fánaíocht Odaiséis ar a bhealach abhaile ón Traí; díreach mar a sheadaíonn Aeinéas le Díodó agus go ndéanann sé failli ar a ról ainmnithe, cuirtear moill ar Odaiséas ar a thuras abhaile de bharr Chailíopsó, Chircé agus Nausicaa; tugann Odaiséas cuairt ar na hanamacha i Háidéas mar a dhéanann Aeinéas i Leabhar VI den *Aeinéid*; troideann Aichill, an laoch san *Íliad*, comhrac aonair go dtí an bás in aghaidh Eachtair ag an deireadh den *Íliad*, díreach mar a dhéanamh Aeinéas in aghaidh Tumus ag an deireadh den *Aeinéid*.

Tá dhá chosúlacht shuntasacha eile ann: Baineann Veirgil leas as meadaracht laochta Hóiméar ar a nglaoitear heicsiméadar dachtalach, agus saibhríonn sé an cur síos a dhéanann sé ar dhaoine, ar áiteanna agus ar imeachtaí trí shamhlacha agus bhuafhocail Hóiméaracha a úsáid.

Tá bealaí níos bunúla ann áfach, inar spreag Hóiméar Veirgil. Tá cásanna ann ina dtógann sé carachtair atá in eipicí Hóiméar agus go dtugann sé tuairisc dúinn ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leo níos déanaí ina mbeatha. Mar shampla, i Leabhar VI den *Aeinéid* castar an laoch Traíoch Déafabas orainn i Háidéas agus insítear dúinn gur dhúnmharaigh na Gréagaigh i mbealach uafásach amach agus amach é. Tá sampla níos tochtmháire agus níos deise i Leabhar 3 den *Aeinéid*, nuair a thagann Aeinéas chomh fada leis an gCioclóp Polaiféamas, a d'fhulaing, mar a fheicfidimid, go huafásach mar gheall ar Odaiséas san *Odaisé* go luath sular shroich Aeinéas an áit.

Castar an Cioclóp Polaiféamas ar Aeinéas

I Leabhar 9 den *Odaisé* tá sé de mhí-ádh ar Odaiséas gur thuirling sé ar an oileán inar chónaigh cine fathach aonsúileach, na Cioclóip. Tá sé féin agus a fhir i ngéibheann i bpluais duine de na fathaigh seo, darb ainm Polaiféamas. Cé gur mac le Neiptiún é Polaiféamas, tá sé fiánta amach agus amach agus is canabhlach é. Tá grásta naomhaithe amháin aige – a chaoindúthracht dá thréad caorach a thugann sé go féarach go luath gach maidin agus a thugann sé abhaile tráthnóna, nuair a thugann sé aire go cúramach dóibh agus nuair a bhlionn sé iad.

Nuair a ghabhann Polaiféamas Odaiséas agus a fhir, itheann sé beirt díobh láithreach agus tá sé i gceist aige an dream eile a ithe de réir a chéile. Ach tá pucán fiona láidir ag Odaiséas agus tugann sé do Pholaiféamas é; éiríonn Polaiféamas ólta agus titeann sé ina chodladh go sámh. Déanann Odaiséas post bioraithe a théamh go tapa sa tine agus sánn trí shúil aonair an fhathaigh é, a dhéanann dall é. (Bhí dalladh Pholaiféamas ina théama coitianta i measc na n-íomhánna ar vásaí na Gréige.) Ach níl Odaiséas in ann an charraig ollmhór ag bealach amach na pluaise a bhogadh. Tá a fhios aige áfach go ligfidh Polaiféamas a chuid caorach amach chun féaraigh ar maidin mar gheall ar an ngean atá aige dóibh. Mar sin ceanglaíonn Odaiséas na caoirigh le chéile i ngrúpaí de thrí chaora agus ceanglaíonn sé duine dá fhir faoin gcaora lárnach i ngach grúpa nuair atáthar leis an bpluais a fhágáil. Beireann sé féin ar bholg an reithe ollmhóir a threoraíonn an tréad. Le breacadh an lae bogann Polaiféamas an charraig ar leataobh agus leagann sé a lámh ar bharr na gcaorach agus iad ag dul amach. Ach ní thugann sé na fir faoi na caoirigh faoi deara. Is é an reithe mór faoina bhfuil Odaiséas an chaora dheireanach le dul amach as an bpluais agus, go truamhéalach,

creideann Polaiféamas go bhfuil drogall air fágáil mar gheall ar a bhrón dá mháistir. Ach tá a fhios againne go bhfuil moill air de bharr mheáchan mór an laoi ch faoin ráithe.

Samhlaigh, mar sin, Aeinéas agus a fhir ag teacht chomh fada leis an oileán céanna seo tar éis dhalladh an fhathaigh, agus cuimhnigh ar an gcaoi a n-éiríonn le Veirgil truamhéala a chruthú do dhuine a bhí go dona amach agus amach san am atá caite, le hais mar a dhéanann Hóiméar. Nuair a shroicheann Aeinéas an t-oileán, bailíonn sé compánach de chuid Odaiséis a fágadh ar an oileán trí thimpiste. Tá an fear seo díreach tar éis scéal an dallta a insint nuair a thagann Polaiféamas i measc a thréada caorach, á threorú féin le bachall ollmhór adhmaid. Tá sé ag dul i dtreo na farraige chun a shúil a ghlanadh atá ag cur thar maoil le folradh. Tá sé ag baint díoscán as a fhiacra chun an phian atá air a laghdú.

63: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 3, Línte 655-665

Léigh na chéad cheithre líne den sliocht os ard agus tabhair an líon mór fuaimeanna ‘m’ atá iontu faoi deara. Maíonn Williams go ndearnadh é seo d’aon turas chun coisíocht anásta an fhathaigh a rinneadh dall go gairid roimhe sin agus nár fhoghlaim le siúl i gceart go fóill a chur in iúl. Is é iontas an tsleachta seo uile go gcásaíonn Veirgil le harracht miotasach agus go ndéanaimidne an rud céanna dá bharr!

Línte:

4. Tabhair fad na líne faoi deara; cheapfá nach raibh dóthain focal ag an bhfile beagnach chun cur síos a dhéanamh ar Pholaiféamas. Déan iarracht an líne a scanadh agus í a léamh os ard chun éifeacht an bhá a thabhairt faoi deara.
10. Tabhair éifeacht fuaimfhoclaíochta an ‘g’ cruá faoi deara in **gemitu** agus **graditur** ar lorg **dentibus infrendens** (‘díoscán a bhaint as a fhiacra’).

Sa sliocht seo, feicimid dhá ghné chodarsnachta Pholaiféamas – an t-arracht uamhnach agus an t-aoire a thugann aire den scoth dá chaoirigh.

64: An Aeinéid le Veirgil, Leabhar 3, Línte 668-681

Línte

4. Is iad seo na **Ionios fluctus** céanna ar ‘dhúnmharaigh’ Arrius iad i Sliocht 7.
- 7, 11 **Aetna... Aetnaeos fratres**: chabhraigh na Cioclóip le dia na tine ina cheárta laistigh de Shliabh Etna.
14. **Iovis**: Iúpatar sa tuiseal ginideach.
Diana: bandia na seilge – Artaimís sa Ghréigis.

AGUISÍN I

(a) Aistriúcháin Roghnaithe

Aistriúchán ar Dhán 4 le Catullus, Carmen 39 línte 1-8
(le mic léinn sheachtracha Laidine in UCD)

I.

Egnatius, whose nick-name is 'Grinner',
In court smirks at pleader and sinner.
At each graveside lament
His smile's heaven-sent-
Believe me, who'd ask him to dinner?

II

Egnatius has fine teeth, and those,
Eternally Egnatius shows.
Some criminal is being tried
For murder; and they open wide.
A widow wails her only son;
Widow and him they open on
'Tis a disease, I'm very sure,
And wish 'twere such as you could cure,
My good Egnatius! for what's half
So silly as a silly laugh?

Aistriúcháin ar Dhán 5 le Catullus, Carmen 3

(A)

Nor would he ever leave her lap
But hopping around, this way, that way,
Kept chirping to his lady alone.
And now he's off on the dark journey
from which they say no one returns.

Guy Lee 1990

(B)

Nor would it stir from her lap
but hopping about, now here, now there,
would ever chirp for its mistress alone.
But now it travels along a darkling path
to a place from which they say no one returns.

G.P. Goold 1983

(C)

It would not ever leave my lady's bosom
but leapt up, fluttering from yon to hither
chirruping always only to its mistress.
It now flits off on its way, goes, gloom-laden
down to where – word is – there is no returning.

Charles Martin 1992

Aistriúcháin ar Dhán 6 le Catullus, Carmen 5

(A)

My sweetest Lesbia, let us live and love;
And, though the sager sort our deeds reprove,
Let us not weigh them. Heaven's great lamps do dive
Into their west, and straight again revive,
But soon as once set is our little light,
Then must we sleep one ever-during night.

Thomas Campion 1601

(B)

Come, my Celia, let us prove
While we may, the sports of love;
Time will not be ours for ever;
He at length our good will sever.

Spend not then his gifts in vain.
Suns that set may rise again:
But if once we lose this light;
'Tis, with us, perpetual night.

Ben Jonson 1605

(C)

I said to her, darling, I said
let's LIVE and
let's LOVE and
what do we care what those old
purveyors of joylessness say?
(they can go to hell, all of them)
the Sun dies every night
in the morning he's there again
you and I, now,
when our briefly tiny light flickers out,
it's night for us, one single
everlasting
Night.

Frank O. Copley 1957

(D)

Lesbia, let us live only for loving,
and let us value at a single penny
all the loose flap of senile busybodies!
Suns when they set are capable of rising
but at the setting of our own brief light
night is one sleep from which we never waken.

Charles Martin 1979

Aistriúcháin ar na ceithre líne dheireanacha de Dhán 8 le Catullus, Carmen 101

I.

But now I must celebrate grief with funeral tributes
offered the dead in the ancient way of the fathers;
accept these presents, wet with my brotherly tears, and
now and forever, my brother, hail and farewell.

Charles Martin 1992

II

But now, naught else availing, take these gifts, which
ancient custom prescribes, a forlorn tribute to the dead;
Take them moistened with a brother's many tears,
and for all time, brother, hail and farewell!

G.P. Goold 1993

III.

But now, meanwhile, accept these gifts which by old custom
Of the ancestors are offered in sad duty
At funeral rites, gifts drenched in a brother's tears,
And forever, brother, greetings and farewell.

Guy Lee 1990

(b) Litríocht Ghaolmhar

- (1) Spreag **Crater ave atque vale** agus *Carmen* 31: **Paene insularum, Sirmio, insularumque ocelle** le Catullus an file Sasanach Tennyson, agus é ar cuairt ar an Iodáil agus ar Sirmio ar Loch Garda, a raibh an-chion ag Catullus air,

é seo a leanas a scríobh:

'FRATER AYE ATQUE VALE'
Row us out from Desenzano, to your
Sirmione row!
So they row'd and there we landed – 'O
venusta Sirmio!'
There to me thro' all the groves of olive in
the summer glow,

Here beneath the Roman ruin where the purple
flowers grow,
Came that 'Ave atque Vale' of the Poet's
hopeless woe,
Tenderest of Roman poets nineteen hundred
years ago,
'Frater Ave atque Vale' – as we wander'd
to and fro
Gazing at the Lydian laughter of the Garda
Lake below
Sweet Catullus's all-but-island, olive -
silvery Sirmio!

- (2) Do phictiúr níos déanaí de pheata cosúil le gealbhan Lesbia feic Romeo and Juliet le Shakespeare, Gníomh 2, Radharc I, línte 221-28.

Juliet: 'Tis almost morning; I would have thee gone;
And yet no further than a wanton's bird,
Who lets it hop a little from her hand,
Like a poor prisoner in his twisted gyves
And with a silk thread plucks it back again,
So loving-jealous of his liberty.

Romeo: I would I were thy bird.

Juliet: Sweet, so would I;
Yet I should kill thee with much cherishing.

- (3) Is dócha gur spreag *Carmen* 5: **vivamus, mea Lesbia** le Catullus an dán seo le W. B. Yeats.

The Scholars

Bald heads forgetful of their sins,
Old, learned, respectable bald heads
Edit and annotate the lines
That young men, tossing on their beds,
Rhymed out in love's despair
To flatter beauty's ignorant ear.

All shuffle there; all cough in ink;
All wear the carpet with their shoes;
All think what other people think;
All know the man their neighbour knows.
Lord, what would they say
Did their Catullus walk that way?

- (4) Leagan Dryden den *Aeinéid* le Veirgil, Leabhar 4, Línte 522-28 (.i. na chéad sé líne de Dhán 53).

Twas dead of nights, when weary bodies close
Their eyes in balmy sleep, and soft repose;
The winds no longer whisper thro' the woods,
Nor murm'ring tides disturb the gentle floods.
The stars in silent order moved around
And peace, with downing wings, was brooding on the ground,
The flocks and herds and parti-coloured fowl
Which haunt the woods, or swim the weedy pool,
Stretch'd on the quiet earth securely lay,
Forgetting the past labours of the day.

AGUISÍN 2

MEADARACHT AGUS SCANADH NA FILÍOCHTA DUALGAIS

Ar cheann de phríomhghnéithe i bhfilíocht na Laidine a mbaineann daltaí den aois seo sult astu, tá an ghluaiseacht agus an rithim a chruthaíonn an mheadaracht. Nuair atá siad ag plé le filíocht na Laidine den chéad uair, seans go gcuirfidh an easpa aiste ríme ionadh ar na daltaí, ach chomh maith leis sin, nuair a chloiseann siad na dánta á léamh os ard, seans go mbeidh siad feasach ar rithim na línte. Má chuireann an múinteoir béim ar chainníochtaí na dtroithe meadarachta le linn léimh, d'fhéadfadh go mbeadh na daltaí in ann na línte a 'scanadh' iad féin go spontáineach. D'fhéadfaí meadarachtaí ar nós heindeicishiollaí agus trímhéadair iambacha a úsáid mar thús don chineál seo ceachta.

Ar an láimh eile, b'fhéidir go dteastódh ón múinteoir nóisean an scanta a fhorbairt le rang agus plé leis ar bhealach níos foirmeálta níos déanaí. Nuair atáthar ag múineadh meadarachta agus scanta do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh, b'fhearr an t-ábhar seo a choinneáil chomh simplí agus is féidir.

Cur chuige amháin dó seo a rá leis na daltaí go roinntear na gutaí, agus na siollaí ina bhfuil siad, i bhfilíocht na Laidine idir iad siúd atá fada (-) agus iad siúd atá gearr (´). Tá roinnt gutaí, agus siollaí dá bharr sin, fada 'de bharr a nádúir' agus cinn eile fada 'de bharr a suímh'. D'fhéadfaí a chur i gcuimhne do dhaltaí go bhfuil gutaí atá fada 'de bharr a nádúir' ar eolas acu cheana féin – m.sh. lauda, puella, videre srl. D'fhéadfaidís cur leis an liosta seo iad féin, agus ansin d'fhéadfaí iad a chur ar an eolas faoi thrí shlat tomhais úsáideacha:

1. Tá dhá ghuta a thagann le chéile ach a deirtear mar ghuta amháin (défhoghar) fada de ghnáth – m.sh. puellaē, Claūdia. Arís, d'fhéadfaí iarraidh orthu a liostaí féin a chumadh bunaithe ar a bhfuil ar eolas acu cheana féin.
2. Nuair atá níos mó ná consan amháin ar lorg guta, tá sé fada de ghnáth. Tá sé tábhachtach a rá leo go bhféadfadh na consain a bheith sa chéad fhocal eile sa líne. (Go deimhin, d'fhéadfadh líne d'fhilíocht na Laidine breathnú cosúil le logainm cáiliúil Breatnaise!)

Tá eisceachtaí coitianta i gceist leis an riail seo. D'fhéadfadh guta a bheith gearr nuair atá siad seo a leanas ar a lorg: br, er, dr, fr, gr, pr, tr, cl, fl agus pl. – m.sh. pātrēm.

3. Nuair a thagann dhá ghuta le chéile agus go ndeirtear leo féin iad, bíonn an chéad cheann gearr de ghnáth – m.sh. Claudīa.

ROINNT NA SIOLLAÍ

San áit a bhfuil guta nó défhoghar, tá siolla ann. Bíonn deacrachtaí ann nuair is gá cinneadh a dhéanamh cá gcuirfean an líne roinnte idir na siollaí – m.sh. dom-in-us nó do-mi-nus? Tá rialacha i gceist ar ndóigh chun an cinneadh seo a dhéanamh:

1. De ghnáth baineann consan aonair idir dhá ghuta (nó défhoghar) leis an dara guta (nó défhoghar). Dá bhrí sin, tá do-mi-nus ceart.

2. Nuair atá dhá chonsan idir dhá ghuta (nó défhoghar) baineann an chéad chonsan leis an gcéad ghuta de ghnáth agus baineann an dara consan leis an dara guta – m.sh. nos-ter, om-nis.
3. Nuair atá trí chonsan idir dhá ghuta, baineann an chéad dá chonsan leis an gcéad ghuta de ghnáth – m.sh. sanc-tus, ins-tar.

Tá eisceachtaí ó na rialacha seo ar fad. Mar shampla, sáraíonn na péirí consain seo a leanas an pátrún coitianta go minic: br, cr, dr, fr, gr, tr, cl, fl agus pl. Tagraítear do na péirí consain seo freisin san alt roimhe seo.

NODA BREISE:

Caitear leis an litir ‘x’ mar dhá chonsan – m.sh. rēx.

Féadfaidh an siolla deireanach i líne filíochta a bheith fada nó gearr agus d’fhéadfaí é a mharcáil

mar seo:

I gcás go mbíonn deacrachtaí ag daltaí cinneadh a dhéanamh faoi chainníocht siolla, cabhróidh spléachadh sciobtha ar fhoclóir, ar ghluais nó ar thábla díochlaontaí nó réimnithe fiú leo.

MEADARACHTAÍ

Heicsiméadar Dachtalach:



Sa mheadaracht seo, tá líne de shé throigh i gceist, ina bhfuil dachtail (- - -) agus spoindéanna (- -). (D’fhéadfadh trócae [- - -] nó spoindé (- -) a bheith sa troigh dheireanach (an séú troigh), ach ní bheidh dachtal (- - -) ann riamh. Mar a fheictear, tá rogha sa chéad cheithre throigh ach tá an cúigiú agus an séú troigh réamhordaithe.

D’fhéadfaí iarraidh ar rang tabhairt faoi líne sa heicsiméadar dachtalach a scanadh mar seo a leanas:

audiit examinis trepidoque exterrita cursu

1. Cuardaigh bá. Tarlaíonn bá nuair a chríochnaíonn focal le guta, le défhoghar nó le ‘m’ agus nuair a thosaíonn an chéad fhocal eile le guta nó le ‘h’ balbh –
 :g. Rom(a) antiqua, Rom(am) olim, ill(e) homo.

audiit exanimis trepidoqu(e) exterrita cursu

2. Marcáil an dá throigh dheireanacha:

audiit exanimis trepidoqu(e) ex | tērritā | cūrsū

3. Comhair na siollaí atá fanta:

1 23 4 5 6 7 8 9 10 11
 audiit exanimis trepidoqu(e) ex | tērritā | cūrsū

Tá 11 siolla fanta. Caithfidh siad dul isteach i gceithre through i dteaglam de dhónna (spoindeanna) agus de thríonna (dachtail). Níl ach réiteach amháin ann – spoinde amháin agus trí dhachtal.

4. Cuir cuid de na bunrialacha i bhfeidhm do shainithint na siollaí fada:

āudiit ēxanimīs trepidoqu(e) ēx | tērrita | cūrsū

5. Comhlánaigh na cinn eile; cuimhnigh go bhfuil tú ag cuardach spoinde amháin agus trí dhachtal:

āudiit | ēxani | mīs || trēpi | dōq(ūe) | ēx | tērrita | cūrsū

Tabhair faoi deara: tarlaíonn caesúr, nó spás anála, sa tríú troigh de ghnáth.

Leathrann Eiligiach:

Tá líne heicsiméadair dhachtalaigh agus líne peintiméadair dhachtalaigh ar a lorg i leathrann eiligiach. Seo é scéim an pheintiméadair:

| - - - | - - - | - || - - - | - - - | - |

Mar a fheictear anseo, féadfar dachtail, spoindeanna nó teaglam den dá chineál a bheith sa chéad dá through. Tarlaíonn stad (déiréis) tar éis 2½ troigh. Féadfar na línte seo a scanadh mar a rinneadh leis an heicsiméadar nach mór. Ach tá an peintiméadar níos éasca don dalta mar go bhfuil pátrún faoi leith ag baint le trí through as an gcúig through sa líne.

Seo roinnt samplaí:

dēcīdīt | m̄ tēpī | dōs || lūcīdā | gūtā | sī | nūs
 tāntūs | cāelēs | tī || vēnīt | āb | ōrē | vī | gōr
 ātqu(e) | itā | quāesī | tās || ārtē | fē | rēbāt | ō | pēs

Hendecsyllabic: | = - | - - - | - - | - - | - - |

Iambic trimeter: | - - | - - | - - | - - | - - | - - |

Tá an mheadaracht seo bunaithe ar an iamb (- -):

An t-iambach bacach (nó *Choliambic*)

Is malairt ar an trímheadar iambach an mheadaracht seo, ina n-iompaítear an troigh dheireanach ina trócae.



AGUISÍN 3 Ábhar Closamhairc

1. Closamhairc

- David, J.L. 'Sabine Women' 1794-99, Louvre, Páras
Poussin, N. 'The Rape of the Sabines', Louvre, Páras
Poussin, N. 'The Rape of the Sabines', Metropolitan Museum, Nua-Eabhrac
Poussin, N. 'Orpheus in Hades', Marino Drive, Baile Átha Cliath
Poussin, N. 'Landscape with Orpheus and Eurydice' 1650-1, Louvre, Páras
Bruegel, Peter 'Landscape with Fall of Icarus' c. 1558, Musée Royale des Beaux Arts, an Bhruiséil
Vien, 'Daedalus and Icarus' – École Nationale Supérieure des Beaux Arts, Páras
Bernini, 'Rape of Persephone', Galleria Borghese, an Róimh
Pierre 'Death of Harmonia', Metropolitan Museum of Art, Nua-Eabhrac
Pollaiuoli, Antonio, 'Apollo and Daphne', Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
Lorrain, Claude 'Juno confiding Io to the care of Argus', Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
Lorrain, Claude, 'View of Carthage with Dido and Aeneas', Kunsthalle, Hamburg
Poussin, Nicolas, 'Polyphemus', Hermitage, Cathair Pheadair
Poussin, Nicolas, 'Apollo and Daphne', Louvre, Páras
Carracci, Annibale, 'Polyphemus', Farnese Gallery, an Róimh
Reynolds, Sir Joshua, 'Death of Dido', Royal Collection, Pálás Buckingham, Londain
Coytel, Antoine nó Bernini, 'Death of Dido', Musée Fabre, Montpellier
Mosaic Pavement, 'Scenes from Virgil', Low Ham Villa, Somerset
David, J.L. 'Paris and Helen', Louvre, Páras
Restout 'Orpheus descends to underworld to demand Eurydice', Musée des Beaux Arts, Rennes
Burne-Jones 'Orpheus and Eurydice', Tate Gallery, Londain
Watts, J.F. 'Orpheus and Eurydice', Tate Gallery, Londain
Mosaic 'Virgil and the Muses', Sousse, an Túinéis

2. Ceol

- Handel G. F. 'Apollo and Daphne'
Handel, G.F. 'Acis and Galatea' (Polyphemus)
Purcell, 'Dido and Aeneas'
Offenbach, 'Orpheus in the Underworld'
Ravel, 'L' Après-Midi d'un Faune' (Eclogues)

Leabharliosta

Ginearálta

- Bieler, L. (1966) *History of Roman Literature* Londain
- Duff, J. Wight (1968) *A Literary History of Rome: From the Origins to the Close of the Golden Age* Londain, Benn
- Duff, J. Wight (1968) *A Literary History of Rome in the Silver Age: From Tiberius to Hadrian* Londain, Benn (tá píosa ar Phaedrus agus ar an bhfabhalscéal anseo).
- Grant, M. (1971) *Roman Myths* Londain
- Graves, Robert (1966) *The Greek Myths* Londain
- Hamilton, E. (1969) *Mythology* Nua-Eabhrac
- Highet, Gilbert (1957) *Poets in a Landscape* Londain
- Rose, HJ. (1961) *A Handbook of Latin Literature* Londain, Methuen
- Scullard, H.H. (1961) *A History of the Roman World from 753 B.C. to 146 B.C.* Londain
- Scullard, H.H. (1959) *From the Gracchi to Nero* Londain
- Wilkinson, L.P. (1970) *Golden Latin Artistry* Cambridge

Fuaimniú agus Meadaracht

- Allen, W.S. (1965) *Vox Latina: A guide to the pronunciation of Classical Latin* Cambridge
- Astbury, S & Richmond, J. (1974) *Introducing Ovid* Baile Átha Cliath (déileáiltear go soiléir agus go hachomair leis an meadaracht anseo)

Catullus

- Blaiklock, E.M. (1959) *The Romanticism of Catullus* University of Auckland. Bulletin No. 53 Classics Series No. 1
- Ellis, Robinson (1876) *A commentary on Catullus* O.D.P.

- Ferguson, John (1988) *Catullus* Greece and Rome, New Surveys in the Classics No. 20 (Classical Association) Oxford
- Fordyce, C.J. (1961) *Catullus. A Commentary* Oxford
- Goold, G.P. (1983) *Catullus, The Poems* (Aistriúchán) Duckworth
- Gregory, Horace (1956) *Poems of Catullus* (Aistriúchán) Londain
- Havelock, E.A. (1929) *The Lyric Genius of Catullus* Nua-Eabhrac Russell and Russell
- Lee, Guy (1990) *The Poems of Catullus* (Aistriúchán) Oxford
- Martin, Charles (1979) *The Poems of Catullus* (Aistriúchán) Baltimore
- Martin, Charles (1992) *Catullus* New Haven agus Londain, Yale U.P.
- Quinn, Kenneth (1959) *The Catullan Revolution* Melbourne U.P.
- Quinn, Kenneth (1970) *Catullus, The Poems* Londain
- Quinn, Kenneth (1972) *Catullus, an Interpretation* Londain
- Wheeler, Arthur L. (1934) *Catullus and the Tradition of Ancient Poetry* Berkeley University of California Press Sather Classical Lectures Vol.9
- Wiseman, T.P. (1969) *Catullan Questions* Leicester U.P.
- Harrauer, Hermann (1979) *A Bibliography to Catullus* Hildesheim, Gerstenberg.

Óivid

- Astbury & Richmond (1974) *Introducing Ovid* Baile Átha Cliath
- Evans, Harry B. (1983) *Publica Carmina. Ovid's Books from Exile* Lincoln agus Londain (University of Nebraska Press)
- Fränkel, Hermann (1945) *Ovid. A Poet between Two Worlds* Berkeley agus Los Angeles University of California Press Sather Classical Lectures Vol. 18
- Frazer, Jones & Goold Dara heagrán. *Ovid in Six Volumes: V. Fasti* (Loeb Classical Library 1989 G.P.
- Galinsky, G. Karl (1975) *Ovid's Metamorphoses. An Introduction to the Basic Aspects* Oxford Blackwell
- Herbert-Brown, G. (1994) *Ovid and the Fasti. An Historical Study* Oxford

- Hinds Stephen (1987) *The Metamorphoses of Persephone. Ovid and the Selfconscious Muse*. Cambridge C.U.P.
- Hofmann, Michael & (1994) *After Ovid*. New Metamorphoses Londain, Faber Lasdun James (eag.)
- Hughes, Ted (1997) *Tales from Ovid*, Londain, Faber & Faber
- Knox, Peter E. (1986) *Ovid' Metamorphoses and the Traditions of Augustan Poetry* Cambridge. Philological Soc. Supplementary Vol. 11
- Melville, AD. (1995) *Sorrow of an Exile (Aistriúchán)* Oxford
- Otis, Brooks (1966) *Ovid as an Epic Poet* Cambridge C.U.P.
- Pearcy, Lee T. (1984) *The Mediated Muse, English Translations of Ovid 1560-1700* Archon Books, Mamdon, Connecticut
- Solodow, Joseph B. (1988) *The World of Ovid's Metamorphoses* Chapel Hill & Londain University of North Carolina Press
- Syme, Ronald (1978) *History in Ovid Oxford*, Clarendon
- Thibault Ronald (1964) *The Mystery of Ovid's Exile* Berkeley & Los Angeles, University of California Press
- Wilkinson, L.P. (1955) *Ovid Recalled* Cambridge
- Wilkinson, L.P. (1962) *Ovid Surveyed* Cambridge (leagan giorraithe de *Ovid Recalled*)

Veirgil

- Bailey, Cyril (1935) *Religion in Virgil* Oxford, Clarendon
- Berg, William (1974) *Early Virgil* University of London, Athlone Press
- Boyle, AJ. (1976) *The Eclogues of Virgil (Aistriúchán, téacs, réamhrá, nótaí)* Melbourne
- Cairns, Francis (1989) *Virgil's Augustan Epic* C.U.P
- Camps W.A (1969) *An Introduction to Virgil's 'Aeneid'* O.U.P.
- Clausen, Wendell (1987) *Virgil's 'Aeneid' and the Tradition of Hellenistic Poetry* Berkeley University of California Press, Sather Classical Lectures Vol. 51
- Cruttwell, Robert W. (1969) *Virgil's Mind at Work. An analysis of the Symbolism of the*

'Aeneid'. Nua-Eabhrac Cooper Square Publications

- Day Lewis, C. (1966) *The Eclogues, Georgics and Aeneid of Virgil* (Aistriúchán) Londain
- Di Cesare, Mario A (1974) *The Altar and the City. A Reading of Virgil's 'Aeneid'* N.Y. & Londain, Columbia U.P.
- Farell, Joseph (1991) *Virgil's 'Georgics' and the Traditions of Ancient Epic. The Art of Allusion in Literary History.* O.U.P.
- Frank, Tenney (1965) *Virgil. A Biography* Nua-Eabhrac Russell & Russell
- Gransden, K.W. (1990) *Virgil, 'The Aeneid'* (Landmarks in World Literature C.U.P.)
- Jackson Knight, W.E (1994) *Roman Virgil* London, Faber & Faber
- Johnson, W.R (1976) *Darkness Visible. A Study of Virgil's 'Aeneid'* Berkeley, University of California
- McKay, Alexander G. (1970) *Virgil's Italy* Bath, Adams & Dart
- McAuslan Ian & Walcot Peter (eag.) (1990) *Virgil. Greece & Rome Studies* O.U.P. thar ceann The Classical Association
- Monti, Richard (1981) *The Dido Episode and the 'Aeneid'. Roman Social & Political Values in the Epic* Leiden, Brill (Mnemosyne)
- Otis, Brooks (1963) *Virgil. A Study in Civilised Poetry* Oxford, Clarendon
- Page, T.E. (1894) *Virgil, Aeneid* (Téacs agus Tráchtairacht) Londain
- Putnam, Michael (1965) *The Poetry of the 'Aeneid'. Four Studies in Imaginative Unity & Design* O.U.P.
- Putnam, Michael (1970) *Virgil's Pastoral Art. Studies in the 'Eclogues'* Princeton U.P.
- Wilkinson. L.P (1969) *The Georgics of Virgil* Cambridge
- Williams RD. (1973) *Aeneas & the Roman Hero* Macmillan Educational
- Williams R.D (1985) *The Aeneid of Virgil. A companion to the translations of C. Day Lewis, with Introduction, Commentary & Glossary* Bristol Classical Press.

AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

Nósanna imeachta chun Siollabais Náisiúnta a ullmhú

Bunaíonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta Coistí Cúrsa (CNCM) atá freagrach as siollabais agus treoirínte bainteacha a ullmhú d'ábhair ar leibhéal an iar-bhunoideachais. Tá an bhallraíocht seo a leanas ag Coistí Cúrsa don tSraith Shinsearach (an Ardteistiméireacht):

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire	Beirt chomhaltaí
Aontas Múinteoirí Éireann	Beirt chomhaltaí
Comhchoiste na mBainisteoirí d'Iar-bhunscoileanna	Comhalta amháin
Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha	Comhalta amháin
Cumann Ábhair	Comhalta amháin
An Cumann Gairmoideachais in Éirinn	Comhalta amháin
Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais	Comhalta amháin
Comhghairm Cheannairí Ollscoileanna Éireann	Beirt chomhaltaí
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Cigireacht)	Beirt chomhaltaí

Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsa faoi bhráid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta dá bhfaomhadh. I ndiaidh don CNCM na moltaí sin a bhreith, cuirtear a comhairle faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta, a bhfuil de fhreagracht air/uirthi siollabas a fhaomhadh agus a leithdháileadh ar scoileanna.